


# TRAIDISIÚN DE MHACHNAMH NEAMHSPLEÁCH

UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland


RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN
2017/2018

# Clár


- Réamhrá an Uachtaráin
- Spléachadh ar COC
- Fís, Misean, Luachanna
- Cuspóirí Straitéiseacha
  - Cuspóir a hAon: Foghlaim
  - Cuspóir a Dó: Cruthaigh
  - Cuspóir a Trí: Téigh i mbun agus Gníomhaigh
  - Cuspóir a Ceathair: Earcaigh agus Forbair
  - Cuspóir a Cúig: Maoinigh agus Tóg
- Ballraíocht Choiste Rialaithe COC





# Réamhrá an Uachtaráin



Go luath sa bhliain acadúil 2017/2018, seoladh an plean straitéiseach ba chuimsithí i stair na hollscoile. Tá sé mar aidhm ag *Plean Straitéiseach 2017-2022* infheistíocht de €350 milliún a ghnóthú agus leagtar amach ann cuspóirí forbartha COC ar a bhfuil mórthionscadail chaipitiúla agus spriocanna suntanascha i réimse an daonchairdis agus chun mic léinn a earcú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ba mhór an onóir againn i mbliana Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir a óstáil, ócáid stáit nach beag. Bhí an searmanas oscailte do chách agus tharla sé sa Chearnóg Láir go déanach san earrach. D'fhreastail Michael D. Higgins, Uachtarán na hÉireann mar aon leis an Tánaiste Simon Coveney TD agus Aire Gnóthaí Eachtracha.

Cuireadh le bonneagar COC le linn 2017/2018 nuair a tógadh droichead nua i gCorcaigh thar abhainn na Laoi. Tá Droichead an Chaomhánaigh mar chuid de mháistirphlean campais COC agus é mar nasc fíorthábhachtach idir an campas láir agus Bóthar an Iarthair. Rinne an comhlacht ailtireachta O'Donnel + Tuomey a bhfuil gradaim buaite aige an droichead do choisithe atá 27 méadar ar fad.

Gaisce ar leith a bhí san fhoilseachán *Atlas of the Irish Revolution* le Cló Ollscoile Chorcaí arna chur in eagar thar thréimhse cúig bliana ag John Crowley, Dónal Ó Drisceoil, Mike Murphy agus John Borgonovo. Leabhar do chách is ea an saothar suaithinseach seo a gcuireann idir scoláirí agus an pobal mór nach mbaineann le saol an léinn.

Seoladh an tAonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú le linn Sheachtan an Chomhionannais i mí an Mhárta agus bhí COC ar cheann de na chéad ollscoileanna in Éirinn a d'ardaigh an brat trasinscneach.

Chuir mé fáilte i lár an tsamhraidh roimh an bPrionsa Charles, Prionsa na Breataine Bige, go dtí ár gcampas. Le linn na cuairte chonaic sé dealbh dá shin-sin-seanmháthair, an Bhanríon Victoria mar aon le rogha de na clocha Ogaim i bPasáiste na gCloch agus Leabhar Mór na hÉireann sular thug sé cuairt ar an mBothán, macasamhail de bhothán dóibe traidisiúnta an Ghorta a tógadh níba luaithe sa bhliain mar chuid de Chomóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir. Chomh maith leis sin, chuir mé an Prionsa Charles in aithne d'ionadaithe ónár bpobal ollscoile, scoláirí Quercus, ceannairí taighde agus nuálaíochta san áireamh agus bhí mé ina theannta chun éisteacht le píosa ceoil ar an gcláirseach a coimisiúnaíodh go speisialta dar teideal *Planxty Prince Charles*.

Seoladh an chomhpháirtíocht idir COC agus Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí rud a leagann béim ar Chuspóir Straitéiseach COC a bheith dírithe ar an bpobal agus a thapaíonn an deis chun comhoibriú le cúrsaí amharclainne in Éirinn ar bhonn nua agus corraitheach. Bunaíonn an chomhpháirtíocht seo an tÁras Ceoldrámaíochta mar Amharclann Foghlamtha agus cuireann sé go mór le heispéireas na mac léinn in COC.

Le linn na bliana acadúla choimisiúnaigh mé tuairisc dar teideal *The Economic and Societal Impact of University College Cork*. Léirítear sa tuairisc seo go bhfuil ardchaighdeán léinn anseo ó thaobh na foghlama agus an teagaisc de chomh maith leis an tslí a gcuirimid go mór le hÉirinn ar bhonn eacnamíoch gach lá. Má dhéantar anailís ar an tuairisc seo tugtar cuid mhaith fíricí fíorspéisiúla faoi deara, ina measc: as gach €1 d'infheistíocht stáit in COC rinne an ollsocil €5.7; cruthaíonn caiteachas mhic léinn COC €187.5 milliún sa gheilleagar áitiúil; rátaí fostaíochta de 94% do chéimithe COC; tháinig 23% de mhic léinn COC ó ghrúpaí nach ndéantar ionadaíocht mhaith orthu de ghnáth; agus is ionann caiteachas mhic léinn idirnáisiúnta COC agus €52.5 milliún do cheantar Chorcaí in aghaidh na bliana.

Léiríonn an achoimre ar na fíricí agus na figiúir a thugtar thuas an tslí ina n-ullmhaíonn COC céimithe atá ullamh don domhan agus don obair. Áit alainn is ea cathair agus contae Chorcaí chun cónaithe, chun oibre agus chun gnó a dhéanamh agus cuirimidne anseo in COC go mór leis seo go léir lenár ngníomhaíochtaí agus lenár ngaiscí.

**An tOllamh Patrick G. O'Shea**
Uachtarán COC

# Spléachadh ar COC

## RANGÚ 2017/2018

| | |
|---|---|
| **Rangú Domhanda QS** | **338** |
| ***Times Higher Education*** | **301–350** |
| **Rangú Leiden** | **467** |
| ***Sunday Times Irish University Ranking*** | **2** |
| ***UI Green Metric*** | **2** |





## CLÁRÚCHÁIN

| 2017-18 | | FT | PT | DL | Ar líne | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| FC | Teastas/Dioplóma FC | 66 | 38 | 0 | 0 | 104 |
| FC | Fochéim FC | 13,538 | 78 | 0 | 0 | 13,616 |
| FC | Cáilitheoir Mháistreachta FC | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| FC | Mic Léinn Ócáideacha FC | 0 | 25 | 0 | 0 | 25 |
| **FC** | **Iomlán** | **13,604** | **141** | **0** | **0** | **13,745** |
| IC | IC (Ard)Teastas/(Ard-)Dioplóma IC | 265 | 264 | 0 | 0 | 529 |
| IC | Cáilitheoir Mháistreachta IC | 132 | 42 | 0 | 0 | 174 |
| IC | Máistreacht mhúinte IC | 1,531 | 815 | 135 | 0 | 2,481 |
| IC | Mic léinn Ocáideacha IC | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| IC | PhD IC | 907 | 210 | 0 | 0 | 1,117 |
| IC | Dochtúirí Praiticiúla IC | 46 | 14 | 0 | 0 | 60 |
| **IC** | **Iomlán** | **2,881** | **1,345** | **135** | **0** | **4,361** |
| *ACE | ACE - Leibhéil 6 & 7 | 0 | 937 | 17 | 52 | 1,006 |
| *ACE | ACE - Leibhéil 8 & 9 | 0 | 626 | 0 | 0 | 626 |
| *ACE | Mic Léinn Ócáideacha ACE | 0 | 125 | 13 | 0 | 138 |
| *ACE | Gearrchúrsaí - ACE | 0 | 931 | 0 | 0 | 931 |
| ***ACE** | **Iomlán** | **0** | **2,619** | **30** | **52** | **2,701** |
| Ar cuairt | Ar cuairt | 1,425 | 0 | 0 | 0 | 1,425 |
| IC | Ar cuairt (IC) | 27 | 0 | 0 | 0 | 27 |
| **Ar cuairt** | **Iomlán** | **1,452** | **0** | **0** | **0** | **1,452** |
| **IOMLÁN** | | **17,937** | **4,105** | **165** | **52** | **22,259** |

Taighde Iomlán **1,351**
Mic Léinn Idirnáisiúnta (de réir Náisiúntachta) **4,457**

## BRONNTAÍ CÉIMEANNA

| | CACSSS | CBL | CSEFS | CMH | CACE | IMI | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Céim | 1,139 | 683 | 810 | 579 | | | **3,211** |
| Teastais agus Dioplómaí | 7 | 34 | 9 | 55 | | | **105** |
| Teastais agus Dioplómaí ACE | 43 | 13 | 13 | 16 | 627 | | **712** |
| Céimeanna ACE | | | | | 26 | | **26** |
| **Iomlán** | **1,189** | **730** | **832** | **650** | **653** | | **4,054** |
| Dochtúireachtaí | 30 | 13 | 93 | 39 | | | **175** |
| Máistreachtaí - Taighde agus Múinte | 549 | 448 | 289 | 180 | | | **1,466** |
| Teastais, Dioplómaí agus Ard-Dioplómaí | 233 | 36 | 38 | 133 | | | **440** |
| Máistreachtaí ACE | | | | | 48 | | **48** |
| Teastais, Dioplómaí agus Ard-Dioplómaí ACE | 9 | 36 | | 56 | 155 | | **256** |
| Máistreachtaí IMI | | | | | | 127 | **127** |
| Teastais agus Dioplóma IMI | | | | | | 508 | **508** |
| **Iomlán** | **821** | **533** | **420** | **408** | **203** | **635** | **3,020** |
| **IOMLÁN** | **2,010** | **1,263** | **1,252** | **1,058** | **856** | **635** | **7,074** |

# Fís, Misean agus Luachanna

Tá gníomhaíochtaí uile COC faoi réir ag ár ráiteas misin. Cuimsítear agus léirítear bunluachanna na hollscoile sa ráiteas misin.

## ÁR bhFÍS

A bheith mar ollscoil cheannródaíoch ina bhfuil smaointeoirí neamhspleácha.

## ÁR MISEAN

Eolas a chruthú, a thuiscint agus a roinnt agus é a chur i bhfeidhm ar mhaithe le cách.

## ÁR LUACHANNA

Tá ár mbunluachanna mar threoir dár ngníomhartha agus dár bpróisis agus mar thaca leo:

- Cruthaitheacht
- Trédhearcacht
- Saoirse tuairimíochta
- Comhionannas
- Meas
- Freagrúlacht
- Léann
- Ionracas
- Éagsúlacht







**CUSPÓIR A hAON**
Foghlaim

**CUSPÓIR A DÓ**
Cruthaigh

**CUSPÓIR A TRÍ**
Téigh i mbun agus Gníomhaigh

**CUSPÓIR A CEATHAIR**
Earcaigh agus Forbair

**CUSPÓIR A CÚIG**
Maoinigh agus Tóg

# Cuspóirí Straitéiseacha

**Cuspóir a hAon:**
Straitéis acadúil a chur i bhfeidhm chun sár-eispéireas foghlama agus teagaisc atá dírithe ar mhic léinn a chur ar fáil, straitéis a bhfuil curaclam ina croílár aici atá athnuaite, freagrúil agus bunaithe ar thaighde.

**Cuspóir a Dó:**
A bheith mar ollscoil cheannródaíoch ó thaobh taighde, nuálaíochta, fiontraíochta agus tráchtála de a imríonn dea-thionchar ar an tsochaí.

**Cuspóir a Trí:**
Luach a chruthú dár bpobal agus meon idirnáisiúnta againn agus sinn ag plé le ceisteanna áitiúla agus domhanda ar bhonn eolasach agus cruthaitheach.

**Cuspóir a Ceathair:**
Baill foirne ar ardchaighdeán a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád agus tacú leo d'fhonn éagsúlacht ina measc a chinntiú agus atá in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach.

**Cuspóir a Cúig:**
Ár mbonneagar agus ár mbunús acmhainní a threisiú.








## CUSPÓIR A hAON

# Foghlaim

Straitéis acadúil a chur i bhfeidhm chun sár-eispéireas foghlama agus teagaisc atá dírithe ar mhic léinn a chur ar fáil, straitéis a bhfuil curaclam ina croílár aici atá athnuaite, freagrúil agus bunaithe ar thaighde.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim







## Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir

Ceapadh an tOllamh John O'Halloran mar Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir i mí Feabhra 2018.

### Straitéis Acadúil 2018-2022

Cuireadh tús le forbairt an *Straitéis Acadúil (2018-2022)* i mí Dheireadh Fómhair 2016 nuair a seoladh próiseas fairsing comhairleoireachta, taighde agus tagarmharcála. Mar chuid den tréimhse phleanála chuathas i mbun plé straitéiseach le mic léinn agus baill foirne COC, leis an Údarás um Ard-Oideachas agus le geallsealbhóirí eile. Bhí anailís ar pholasaí agus ar chuspóirí ardoideachais náisiúnta mar fhoinse eolais aici mar aon le forbairtí oideachais Eorpacha agus idirnáisiúnta, bearta tagarmharcála agus anailísíocht sonraí. Cuireadh san áireamh chomh maith sonraí institidúideacha, réigiúnacha agus náisiúnta a bhaineann le déimeagrafaic, táscairí sochaíocha agus eacnamaíocha, tosca geopholaitiúla agus caidreamh le mic léinn.

Tá an *Straitéis Acadúil* faoi réir ag Plean Straitéiseach, 2017–2022, Straitéis Nuálaíochta agus Taighde, 2017–2022, Straitéis Teagaisc agus Foghlama, 2017–2022 agus Plean um Chomhpháirteachas Poiblí, 2017–2022 de chuid COC agus tacaíonn sí lena gcur chun cinn ar bhonn sineirgisteach.



## Rúnaíocht Acadúil

### An Oifig Iontrála

Cuireann an Oifig Iontrála réimse leathan agus éagsúil seirbhísí ar fáil, agus baint nach beag aici le pobal uile na hollscoile agus le geallsealbhóirí seachtracha. Díríonn an Oifig Iontrála ar mhic léinn a earcú agus a choimeád agus pléann sí leis an bpróiseas iontrála.

### Buaicphointí Iontrála CAO 2017

Tá sé d'ádh ag COC méadú de 11% a bheith aige ar an éileamh CAO ar chláir COC ón mbliain 2013. Le linn na tréimhse cúig bliana céanna, tháinig méadú de 6% ar líon iomlán na n-iarratas CAO. Tháinig méadú ar líon na bhfochéimithe ón AE in COC, méadú a bhí faoi réir ag an méadú a tháinig ar an éileamh agus choimeád COC 15% de sciar na chéad roghanna sa bhliain 2017.

Leanann COC de bheith ag mealladh mic léinn ardaidhmeannacha agus chumasacha mar atá léirithe anseo thíos:

- Bhí 19% den 633 iarratasóir CAO a ghnóthaigh 600 pointe nó níos mó sa bhliain 2017 cláraithe ar chláir COC.
- Bhí 19% den 157 iarratasóir CAO a ghnóthaigh an t-uasmhéid de 625 pointe cláraithe ar chláir COC.
- Bronnfar 11 as 17 de Scoláireachtaí Quercus na Mac Léinn Cumasach ar iontrálaithe nua.
- Ba bhuaiteoirí catagóirí iad cúigear iontrálaithe sa bhliain 2017 i gComórtas BT an Eolaí Óig.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim






## Earcú Mac Léinn Fochéime

Iarracht uile-ollscoile atá i gceist le hearcú fochéimithe (AE). Le linn 2017/2018 chomheagraigh an Oifig Iontrála an ghníomhaíocht seo. Bhí tábhacht nach beag ag an gcomhoibriú leanúnach ó na ceithre choláiste d'fhonn rath COC a chinntiú maidir le mic léinn ardaidhmeannacha a mhealladh. Ar na gníomhaíochtaí earcaithe sa tréimhse seo, reáchtáladh trí lá oscailte, rud a mheall thart ar 14,000 cuairteoir chun an champais. Tarlaíonn imeachtaí earcaithe ar an gcampas agus ar fud na tíre ina bhfuil comhdhálacha do mhúinteoirí treoirghairme, seisiúin eolais do thuismitheoirí, taispeántais ardoideachais, aontaí gairmeacha beatha, cuairteanna scoile, seisiúin bheo Ceisteanna agus Freagraí agus feachtais dhigiteacha mhargaíochta éagsúla ag tráthanna tábhachtacha i gcaitheamh na bliana. Dáileadh an réamheolaire fochéime go fairsing, agus cuireadh níos mó ná 20,000 cóip chrua go dtí tithe agus scoileanna ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Mic Léinn na Chéad Bhliana

Feidhm lárnach de chuid na hOifige Iontrála is ea an tacaíocht a thugtar do mhic léinn na chéad bhliana. D'éirigh thar barr le clár Ionduchtaithe 2017, agus d'fhreastail 98% dár gcuid mac léinn air. Anuas air sin, d'fhreastail níos mó na 2,000 cuairteoir ar Fhéile na bhFreisear i mí Mheán Fómhair. Cuireadh tús leis an bPolasaí um Athrú Cúrsaí mar thionscnamh coinneála agus chabhraigh sé le níos mó ná 100 mac léinn sa bhliain 2017. Tá an tóir ar an bpolasaí seo ag fás. D'oibrigh an Oifig Iontrála go dlúth leis an Ionad Scileanna sa chéad bhliain dó ag feidhmiú le cinntiú go raibh na deiseanna tacaíochta cuí ag oifigigh na chéad bhliana. Chomh maith leis sin, d'éascaigh Comheagraí Eispéireas na Chéad Bhliana thart ar 450 cruinniú duine le duine. Tuairiscíodh 93% mar ráta coinneála i measc mhic léinn na chéad bliana le linn 2017/2018 rud a luíonn go deas leis an meánráta coinneála náisiúnta is déanaí d'iontrálaithe nua ar ollscoileanna a sheasann ag 89% (ÚAO 2016).

## Comhoibriú idir COC agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT)

Lean COC agus CIT de bheith mar cheannairi náisiúnta ar an obair i gcomahr agus chuir siad clár fochéime nua leis an raon comhchlár a dhéanann siad. Cúig chomhchlár atá ann anois. Bronnadh an chéad chéim PhD ar mhac léinn de chuid COC agus CIT i mí Feabhra 2018. Thug Comhbhord CIT-COC faoi lá pleanála oscailte chun saghsanna comhpháirtíochta feabhsaithe a phlé agus a fhorbairt.

## Bord Suirbhé Mhic Léinn COC

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh sa bhliain 2017 ar ghníomhaíocht suirbhéireachta in COC, tógadh an chéad chéim chun na príomh-mholtaí a chur i bhfeidhm agus bunaíodh Bord Suirbhé Mhic Léinn COC i mí Iúil 2018 d'fhonn tuairimí na mac léinn maidir lena n-eispéireas oideachais a bheith mar chroílár de chinnteoireacht COC. Tá Bord Suirbhé Mhic Léinn COC ina fhoras uile-ollscoile chun polasaí agus cleachtas maidir le suirbhéireacht mac léinn agus gníomhaíocht aiseolais a fhorbairt agus chun straitéis suirbhéireachta mhic léinn COC i ngach réimse den eagraíocht a fhorbairt agus a chomheagrú. Ina theannta sin, cuireann sé ar chumas COC feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chaidreamh leis na mic léinn. Cinntíonn sé chomh maith go leanann COC de bheith ag comhlíonadh na moltaí sa Straitéis Náisiúna um Ardoideachas go dtí 2030, "*Higher education institutions should put in place systems to capture feedback from students, and use this feedback to inform institutional and programme management, as well as national policy. for every higher education institution to put in place a comprehensive anonymous student feedback system.*"

CUSPÓIR A hAON

Foghlaim





## Staidéir Iarchéime

### Forbairt Ghairmiúil

Seoladh Suaitheantas Digiteach i Stiúradh Taighde Iarchéime. Tugann an suaitheantas creidiúnú do rannpháirtithe i gceardlanna oiliúna le haghaidh stiúrthóirí agus tacaíonn an Fóram Náisiúnta um Fheabhas Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas leis.

Modúl athnuaite in ionracas taighde do mhic léinn taighde: Seoladh PG6015 An Introduction to Research Integrity, Ethics and Open Science.

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar réimse na Modúl Oiliúna/Scileanna a chuirtear ar fáil do mhic léinn PhD. Mar chuid den athbhreithniú seo, reáchtáladh ceardlann le mic léinn PhD d'fhonn feabhas a chur ar an tseirbhís i dtaca le modúil oiliúna.

### Forbairtí Polasaí

Faomhadh go mbeadh cathaoirligh neamhspleácha ann do gach scrúdú viva voce.

Cuireadh tús le Próiseas nua um Achomhairc Scrúduithe le haghaidh Iarchéimeanna Taighde.

Faomhadh Polasaí athbhreithnithe ar Dheacrachtaí a Réiteach do Mhic Léinn Iarchéime.

### Staidéir Iarchéime Ar Líne

Cuireadh tús le tionscadal mór chun feabhas a chur ar inneall cuardaigh shuíomh idirlín na Staidéar Iarchéime mar aon leis an réamheolaire iarchéime iomlán ar líne, cúrsaí ar líne agus leathanaigh Iamairne na forbartha gairmiúla leanúnaí. Mar thoradh air seo, tháinig méadú ar leathanaigh COC i gcuardaigh Google. Cuireadh críoch le mór-athnuachan ar an suíomh idirlín do mhic léinn taighde reatha de chuid COC.

## Riarachán na gCóras Acadúil

Tharla trí thionscadal shuntasacha a d'athraigh Seirbhísí Acadaúla digiteacha ó bhonn in COC.

1. Sa bhliain 2017/18 chur COC tús le tionscadal um Aistriú Digiteach arna mhaoiniú ag EIB agus tá seo ar an triú infheistíocht ba mhó a rinne an Ollscoil riamh i TFC. Cuirfidh an infheistíocht go mór le bunús acmhainní na hollscoile agus beifear in ann cuspóirí na Straitéise Acadaúla bhaint amach.

2. Mar chuid den chlár oibre seo, rinne COC athdhearadh ar a chuid nósanna imeachta i leith seirbhísí agus chuir sé tús le múnla triáise chun plé le fiosruithe ó mhic léinn. I dtreo is go mbeifear in ann an t-athrú seo a dhéanamh, cuireadh tús le córas CRM ar ghlac na seirbhísí do mhic léinn leis agus cuireadh raon nua de sheirbhísí ar líne ar fáil do mhic léinn.

3. Thosaigh an ollscoil próiseas soláthair le haghaidh Córas Riaracháin nua do Mhic Léinn. D'oibrigh an ollscoil le soláthraithe móra agus le 140 geallsealbhóir ó shaol an léinn agus ó sheirbhísí gairmiúla agus rinne sí mion-athbhreithniú ar riachtanais na ngeallsealbhóirí agus ar chumais na gcóras.

## An Oifig Idirnáisiúnta

Tá an Oifig Idirnáisiúnta sa roth stiúrtha i gcónaí maidir le hiarrachtaí COC i dtaca leo seo leanas: cur lena bhranda domhanda, cur le líon na mac léinn idirnáisiúnta, agus deiseanna a fheabhsú do mhic léinn agus don fhoireann araon dul i ngleic le comhpháirtithe, tionscadail agus cláir idirnáisiúnta.

Tuairiscíodh in MGT02 go seasann líon na mac léinn idirnáisiúnta (arna chomhaireamh ag Domicile), ag 15% de na mic léinn ar fad.


## CUSPÓIR A hAON

# Foghlaim












**Comhaireamh Stairiúil de Mhic Léinn Idirnáisiúnta (le Domicile; Mol Sonraí)**




**Dáileadh na Mac Léinn Idirnáisiúnta de réir Coláiste (Mol Sonraí)**




Foinse de Mhic Léinn Idirnáisiúnta Chláraithe (le Domicile) don bhliain acadúil 2018/18

Leanann na cláir Erasmus leis an Eoraip ina ról chun éagsúlacht a chur chun cinn i measc na mac léinn agus chun deiseanna taistil a sholáthar do mhic léinn COC.

**Stair de Shoghluaisteachtaí faoin gclár Erasmus**

| | 2014/2015 | 2015/2016 | 2016/2017 | 2017/2018 |
|---|---|---|---|---|
| **Staidéar ERASMUS atá thart** | 194 | 191 | 235 | 290 |
| **Socrúcháin Oibre ERASMUS atá thart** | 81 | 82 | 84 | 77 |
| **ERASMUS le teacht** | 548 | 599 | 650 | 649 |

## CUSPÓIR A hAON

# Foghlaim







Leis an inchur a tháinig ó na Grúpaí Oibre Réigiúnacha cuí, tá COC Idirnáisiúnta tar éis a bheith ag plé le cúig mhórcheantar – Meiriceá Thuaidh, Meiriceá Laidineach, ASEAN, an tSín, agus an Áis Theas – chun feasacht mar gheall ar an mbranda a fheabhsú chomh maith le caidreamh agus earcaíocht acadúil. Air seo tá forbairt agus cur chun cinn comhpháirtíochtaí le hollscoileanna ceannródaíocha thar lear; comheagrú le 'Oideachas in Éirinn' de chuid Fhiontraíocht Éireann maidir le forbairt brandaí náisiúnta; oifigí eachtracha á gcoimeád san India, sa tSín, i SAM mar aon le gníomhaireachtaí earcaíochta ar fud an domhain; ag teacht ar scoláireachtaí de chuid rialtas eachtrach i gcuid mhaith náisiún; páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cur chun cinn agus earcaíochta go fisiciúil agus go digiteach; soghluaisteacht amach agus taighde i gcomhar a spreagadh.

Léiríonn na samplaí seo leanas an réimse leathan atá ag na gníomhaíochtaí seo:

- I mí Feabhra 2017, bhí COC páirteach sna chéad chuairteanna a rinne Uachtarán na hÉireann ar Pheiriú, ar an gColóim agus ar Chúba. Rinne an tUachtarán Emeritus, an tOll. Michael Murphy agus Cliona Murphy ionadaíocht ar COC a bhí ar an aon institiúid oideachais amháin in Éirinn a fuair cuireadh chun cur leis an gclár oibre agus d'fhonn dlúthchaidreamh COC le Meiriceá Laidineach a thabhairt chun solais. Síníodh Meamraim Tuisceana le 6 cinn de na hInstitiúidí Ard-Oideachais ab fhearr sna trí thír (Cúba, Peiriú agus an Cholóim) agus le gníomhaireachtaí maoinithe rialtais i bPeiriú agus sa Cholóim. Tá maoiniú tiomnaithe ag Éirinn agus ag an Aontas Eorpach do thionscnaimh sna trí thír thábhachtacha seo.
- Faoi cheannaireacht na hOifige Idirnáisiúnta, ghlac COC páirt i suirbhé dar teideal an International Student Barometer Survey i gcomhar leis na sé ollscoil Éireannacha eile. Bhí 182 ollscoil páirteach ar fud an domhain. Rinne suas le 900 mac léinn de chuid COC an suirbhé a chomhlíonadh, agus thug 88.5% de na freagróirí le fios go spreagfaidís daoine eile chun cur isteach ar COC nó go ndéanfaidís é sin ar bhonn gníomhach. Díol suntais ab ea é gur thuairiscigh 94% de fhreagróirí COC go raibh siad sásta nó an-sásta lena n-eispéireas.
- Chuir COC leis an Meamram Tuisceana athnuaite le hOllscoil Náisiúnta Shingeapór (NUS). Is ag dul i méid atá cúrsaí taistil i gcónaí; glacfaidh 10 mac léinn COC páirt i gClár Samhraidh um Bithéagsúlacht de chuid NUS. Cuirfear críoch leis an bpleanáil maidir le Comh-Chlár sa Chothú i samhradh na bliana 2017.
- Tá glactha ag COC le bheith rannpháirteach i gclár soghluaisteachta SHARE arna mhaoiniú ag an AE le hollscoileanna ASEAN. Tá dea-theist ar an gclár seo agus cuireann sé maoiniú seachtrach ar fáil do thaisteal ar feadh seimeastair amháin do mhic léinn iontacha de chuid Ghréasán Ollscoileanna ASEAN. Is é COC an t-aon institiúid Éireannach sa chlár, agus i gcomhar le sárollscoileanna an AE (lena n-áirítear Cambridge, Uppsala, Groningen, agus Gent), cuirfidh COC fáilte roimh suas le 10 mac léinn in aghaidh na bliana.
- D'óstáil COC an chomh-chlár samhraidh *Intro2Bio* i Scoil na Bithcheimice i gcomhpháirtíocht le hOllscoil California, Davis. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar an gclár agus go mbeidh sé mar eiseamláir do chomh-chláir samhraidh eile amach anseo.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Tá an Dr Karl Kitching ceaptha mar Stiúrthóir ar an aonad nuabhunaithe um Chomionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI). Bunluachanna is ea comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú agus tá mórthábhacht ag baint leo maidir le misean na hollscoile mar institiúid oideachais. Lonnaithe in oifig an Leas-Uachtaráin agus an Chláraitheora, faoi stiúir an Dr Kitching, cabhróidh aonad nua EDI de chuid COC chun na luachanna seo a chur chun cinn i slite praiticiúla agus follasacha a shaibhreoidh pobal na hollscoile agus a thacóidh lena chuid oibre.

Seoladh an t-aonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú de chuid COC go hoifigiúil le linn Sheachtain Chomhionannais COC i mí an Mhárta 2018. Reáchtáladh Siompóisiam Athena SWAN de chuid an Uachtaráin mar chuid den tSeachtain Chomhionannais, chun na dúshláin agus na deiseanna a phlé in Institiúidí Ard-Oideachais mar gheall ar chomhionannas inscne.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim





Buaicphointe eile na seachtaine seo ab ea an Brat um Bród Trasinscneach a cuireadh in airde. Fuarthas é seo ar iasacht ó Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne. Bhí COC ar an gcéad ollscoil in Éirinn a d'ardaigh an brat seo go hoifigiúil, rud a thugann le fios go bhfuilimid tiomanta dár mBeartas um Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne roimh an mbliain acadúil 2018/2019.

## Saol agus Eispéireas na Mac Léinn

Ceapadh Paul Moriarty mar Cheann Gníomhach ar Eispéireas na Mac Léinn i mí Iúil na bliana 2017. Roimhe sin bhí Paul ina Cheann ar Chomhairleoireacht agus Forbairt na Mac Léinn.

# Ag Cur le For-Rochtain agus le hAistriú chun na hOllscoile

## Seirbhís Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (DSS)

Oibríonn an tSeirbhís Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas chun cur leis an méid mac léinn faoi mhíchumas a thagann isteach chun na hollscoile. Tá an tseirbhís tiomanta do chur ar chumas na mac léinn faoi mhichumas a gcuid cuspóirí acadúla agus gairme a bhaint amach. An eiseamláir tacaíochta atá ag COC cuireann sí le hacmhainneacht na mac léinn go léir atá cláraithe leis an tseirbhís. Spreagtar do mhic léinn a bheith ina bhfoghlaimeoirí neamhspleácha, a bheith páirteach i saol an choláiste, rath acadúil a bhaint amach agus aistriú isteach rathúil a dhéanamh go dtí saol na hoibre.

Oibríonn DSS le comghleacaithe ar fud an champais chun prionsabail um dhearadh uilíoch do chách in COC a cur chun cinn.

### Clár For-Rochtana na Teicneolaíochta Oiriúnaithí (AT)

Chuir an Clár For-Rochtana AT cúrsa seachtaine ar fáil do mhúinteoirí i rith an tsamhraidh i gcomhpháirt le hIonad Oideachas Tacaíochta Chorcaí. Chuir an clár na prionsabail um dhearadh uilíoch chun foghlama (UDL) i láthair d'oideachasóirí agus thug sé deiseanna chun pleananna foghlama a chruthú, a thacaíonn le húsáid AT agus a chuimsíonn foghlaimeoirí uile beag beann ar a míchumas.

### Scéim um Bealach Rochtana Míchumais ar an Oideachas (DARE)

Reáchtáil DSS ceithre sheisiún eolais DARE le linn an chéad seimeastair den bhliain 2017/2018. Tapaíodh an deis sna seisiúin seo chun eolas a scaipeadh ar mhic léinn, ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí a bhí páirteach i scéim DARE.

| Iontrálaithe DARE | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | 114 | 180 | 197 | 200 | 217 |

### Tacaíochtaí Iar-Iontrála

Tá fás in aghaidh na bliana ag teacht ar líon na mac léinn a chláraíonn le DSS agus a bhaineann leas as tacaíochtaí iar-iontrála.

| 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| 1,016 | 1,102 | 1,223 | 1,330 | 1,430 |

### Clár Meantóireachta DSS

Bhí Clár Meantóireachta DSS ag obair i gcomhpháirt le dhá chomhlacht: Boston Scientific agus Dell EMC. Bhí trí mhac léinn déag páirteach sa chlár.

### Clár Intéirneacht Samhraidh DSS

Le linn shamhradh na bliana 2018 d'fhostaigh Eli Lilly, HedgeServ, Janssen, DePuy, agus Apple ceithre mhac léinn déag de chuid DSS.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim








## Oifig na Mac Léinn Lánfhásta (MSO)

Cruthaíonn an MSO comhpháirtíochtaí le pobal COC, le hinstitiúidí oideachais eile, le heagraíochtaí pobail agus le gníomhaireachtaí náisiúnta chun cur le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na mac léinn lánfhásta neamhthraidisiúnta agus traidisiúnta go léir.

Sa bhliain 2017/2018, chláraigh 293 mac léinn lánfhásta lánaimseartha in COC, rud a d'fhág gur 1,001 méid iomlán na mac léinn lánfhásta a bhí cláraithe. Ar na tionscnaimh aistrithe le linn 2017/2018 bhí:

- Clár JumpStart: D'fhreastail 107 mac léinn lánfhásta ar cheardlanna acadúla agus ar thurais timpeall an champais idir mí Iúil agus mí Lúnasa.
- Aistriú go dtí COC (T2UCC): Bhí 318 mac léinn lánfhásta agus QQI (breisoideachas) cláraithe do cheardlanna agus do thurais.
- Ceardlanna TF um Scagthástáil le haghaidh Disléicse (i gcomhar le DSS): tharla siad seo i rith mhí Mheán Fómhair.

Leag an ÚAO sprioc de 16% do mhic léinn lánfhásta lánaimseartha san ardoideachas. Tá dúshláin ag baint leis an sprioc seo ós rud é gur tháinig laghdú de 12% ar líon na n-iarratas CAO ar bhonn náisiúnta agus tháinig laghdú de 3% ar iarratais ó mhic léinn lánfhásta ar COC.

## Clár *UCC PLUS+*

### For-Rochtain

Oibríonn Clár Scoileanna *UCC PLUS+* i gcomhpháirt le níos mó ná 40 bunscoil agus iar-bhunscoil i gCorcaigh, i gCiarraí agus i bPort Láirge. Sa bhliain 2017/2018 bhí níos mó ná 5,000 mac léinn agus 500 tuismitheoir páirteach i ngníomhaíochtaí for-rochtana a reáchtáladh i scoileanna agus ar an gcampas. Bhí níos mó ná 200 mac léinn de chuid COC mar ambasadóirí agus mar dheontóirí agus bhí 80 múinteoir páirteach sna gníomhaíochtaí for-rochtana seo.

### Iontrálacha – Bealach Rochtana ar an Ard-Oideachas (HEAR)

Seasann líon na mac léinn faoi scéim HEAR a tháinig isteach ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ag 245 don bhliain 2017/2018. Sin níos mó ná 6% de mhic léinn uile a tháinig isteach go dtí COC.

### Tacaíocht agus Coinneáil Iar-Iontrála

Fuair 834 mac léinn tacaíochtaí iar-iontrála ó *UCC PLUS+* sa bhliain 2017/2018. Aithníonn *UCC PLUS+* go bhfuil gá le saintacaíocht ag mic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus iad i mbun staidéir; dá réir sin tá pacáiste cuimsitheach deartha ag COC ina bhfuil tacaíochtaí airgeadais, acadúla, pearsanta agus sóisialta. Mar thoradh air seo, is ionann ráta coinneála *UCC PLUS+* agus ráta coinneála dhaonra ginearálta na mac léinn.

Bronnadh céim de chuid COC ar níos mó ná 1,400 mac léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch a fuair tacaíocht ó Chlár *UCC PLUS+* ó cuireadh tús leis an gclár sa bhliain 1996. Bronnadh céimeanna onóracha ar 96% díobh seo, agus bhí 93% de chéimithe *UCC PLUS+* ag obair nó i mbun staidéir bhreise sé mhí i ndiaidh dóibh céim a ghnóthú.

### Tacaíochtaí Airgeadais do Mhic Léinn

Chuaigh Maoiniú um Chúnamh Mac Léinn chun sochair do níos mó ná 1,050 mac léinn, agus bhí caidreamh ag nach mór 300 mac léinn le Comhairleoir Buiséadach na Mac Léinn le linn na bliana acadúla de 2017/18.

**CUSPÓIR A hAON**

Foghlaim







# Ag Éascú Caidrimh le Saol na Mac Léinn

## Seirbhísí Cónaithe na Mac Léinn agus Oifig Caidrimh Phobail (SRSCRO)

Bunaíodh SRSCRO i mí Lunasa 2017 chun plé leis na deacrachtaí iostais a bhí ag méadú.

### Iostas

Seirbhís comhairleoireachta agus abhcóideachta is ea SRSCRO do mhic léinn COC, agus dá dtuismitheoirí, a bhfuil iostas á lorg acu le linn a dturas acadúil. Tá an oifig freagrach as seirbhísí socruchán na mac léinn idirnáisiúnta agus mhic léinn na chéad bhliana ag tráthanna tábhtacha le linn na bliana, a chinntíonn go gcuirtear lóistín ar fáil do na mic léinn is leochailí. Ina theannta sin, cuireann an oifig an tseirbhís ar líne *StudentPad* ar fáil. Saoráid chuardaigh iostais de chuid COC í seo chun teacht ar sheomraí i dtithe agus i dtithe a maireann an t-úinéir iontu.

### Caidreamh Pobail

Cabhraíonn SRSCRO leis an ollscoil gnéithe dearfacha na mac léinn a thabhairt chun solais i measc an phobail. Pléann siad le háitritheoirí i bhfóraim áitiúla, i gcumainn áitritheoirí agus i ngrúpaí tábhachtacha eile.

### Campas ar Aire

Tá sé de dhualgas ar Champas ar Aire déileáil leis na gearáin go léir agus seans ann gur sáraíodh rialacha mhic léinn COC. Sa bhliain 2018, bhí baint ag Campas ar Aire le Rialacha na Mac Léinn a athrú d'fhonn gnáthamh smachta níos solúbtha a cheadú.

### Gníomhaíocht Spóirt agus Choirp

Ceapadh Morgan Buckley mar Stiúrthóir ar Ghníomhaíocht Spóirt agus Choirp i mí Iúil na bliana 2018 tar éis do Declan Kidney imeacht ar shos gairme. Cuireadh tús le Plean Straitéiseach um Ghníomhaíocht Spóirt agus Choirp, faoi stiúir Morgan, agus tá naisc ag an bplean seo leis an bPlean Forbartha um Shaoráidí Spóirt atá beartaithe do shuíomh 50 acra sa Churraichín.

Anuas air sin, ceapadh Greg Yelverton mar Éascaitheoir Peile COC. Tháinig sé chuig COC ar thréimhse iasachta óna phost le Cumann Peile na hÉireann. Ceapadh Jack Casey mar Oifigeach Forbartha Rugbaí COC.

## Clubanna agus Cumainn

Bhí sé chlub spóirt is caoga gníomhach ar an gcampas le linn na bliana acadúla, agus cuireadh gníomhaíocht spóirt agus choirp ag gach leibhéal ar fáil do mhic léinn. Bíonn rath ar chlubanna spóirt COC bliain i ndiaidh bliana.

## Cumainn na Mac Léinn

Bhí atmaisféar iontach ar champas COC de bharr go raibh thar ar 45-50 imeacht eagraithe gach seachtain ag níos mó ná 105 cumann faoi chúram na mac léinn. Toghadh níos mó ná 1,200 mac léinn ar choistí na gcumann céanna. Fágann baill na gcoistí seo COC agus taithí iontach acu mar aon le raon scileanna inaistrithe.


Deis do mhic léinn is ea an rannpháirtíocht i gcumainn chun a gcuid buanna agus paisean a bhaint amach le daoine eile mar iad; agus níos mó ná 11,000 ball, rinneadh cairde nua agus buadh gradaim éagsúla. Is rud é seo do chách i ndáiríre!

Bhailigh cumainn níos mó ná €175,000 do charthanacht agus ghlac siad páirt i réimse fairsing clár caidrimh pobail: meantóireacht scoile, litearacht sa Lucht

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim







Taistil, cláir díospóireachta scoile, *Coder-Dojo*, ranganna ealaíne le Fondúireacht Cope, clubanna oibre baile, agus fuílleach eile nach iad. Thaistil baill na gcumann ar fud an domhain ar thurais a bhain le comórtais nó forbairt.

## Aontas na Mac Léinn (UCCSU)

Príomhghrúpa Ionadaíochta na Mac Léinn is ea UCCSU do níos mó na 21,000 mac léinn atá mar chuid de phobal na hollscoile. Oibríonn seisear mac léinn mar oifigigh thofa d'fhonn feabhas a chur ar na seirbhísí oideachais, leasa agus siamsaíochta curtha ar fáil ag COC.

Faoi stiúir an Uachtaráin Martin Scally bhí na daoine seo leanas ar fhoireann shabóideach UCCSU don bhliain 2017/2018: Seán Ó Riabhaigh, Uachtarán Tánaisteach; Barry O'Shea, Oifigeach Tráchtála agus Cumarsáide; Tadhg Casey, Oifigeach Oideachais; Kelly Coyle, Oifigeach Leasa agus Ben Dunlea, Oifigeach Siamsaíochta.

Rinne an fhoireann na nithe seo leanas:

- D'eagraigh siad Féile Cheoil agus Chultúrtha Cheantar na nDugaí, an imeacht ba mhó do mhic léinn riamh i stair an Aontais;
- Reáchtáil siad feachtais feasachta a d'imir tionchar nach beag maidir le ceisteanna a bhaineann le saol na mac léinn, m.sh. feasacht mheabhairshláinte, drugaí agus alcóil.
- Chinntigh siad aistriú na mac léinn nua chun na hollscoile agus Seisiún Eolais do Mhic Léinn na Chéad Bhliana á reáchtáil acu chomh maith le Seachtain na bhFreisear.
- Bhí siad ceannródaíoch mar gheall ar cheisteanna na timpeallacha agus d'oibrigh siad chun maoiniú de €20,000 a fháil d'fhonn mugaí caife inbhuanaithe a chur ar fáil do na mílte mac léinn;
- Chuir siad feabhas ar shaoráidí seomraí coiteann in áiteanna lasmuigh den phríomhchampas;
- D'oibrigh siad chun an Clár *MiUse* a fhorbairt;
- Bhailigh siad €18,000 do charthanachtaí le linn Sheachtain na nGiobal (Taighde agus Fondúireacht Meiningítis, *Friendly Call Cork* agus Cumann Naomh Uinseann de Pól);
- Shocraigh siad spásanna staidéir 24 u.a.c. i Leabharlann Boole in aimsir na scrúduithe;
- D'oibrigh siad leis an Ollscoil chun Plean Straitéiseach 2017–2022 a fhorbairt agus a thabhairt chun críche.

Rinne UCCSU 2017/2018 ionadaíocht do na mílte mac léinn ar na céadta coistí ar fud na hollscoile Coiste Rialaithe COC san áireamh.

# Ag Tacú le Sláinte agus Folláine na Mac Léinn

## Séiplíneacht


Lean an tSéiplíneacht de thacaíocht thréadach, spioradálta agus folláine a thabhairt do mhic léinn, baill foirne, alumní agus baill foirne ar scor de chuid COC. Meallan an tIonad Séiplíneachta ar Bhóthar an Choláiste líon mór mac léinn a mbíonn baint acu leis an iliomad clár: ceartas agus freagracht shóisialta; spioradáltacht; clair folláine; tacaíochtaí méala; comhairleoireacht bhunúsach; grinneas agus seisiúin chomhairleoireachta duine le duine. Pléitear le riachtanais chreidimh uile na mac léinn agus na foirne ar bhonn aonair agus oscailte. Bíonn séiplínigh ar dualgas lasmuigh de na gnáthuaireanta oibre chun plé le héigeandáil ar bith a d'fhéadfadh titim amach le linn na bliana acadúla.

Chuaigh próifíl na Séiplíneachta i méid ar fud an champais (agus ar líne) le himeachtaí for-rochtana ar an gcampas agus lasmuigh de ina ndearna sé suntas

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim







dá seirbhísí do mhic léinn agus do ghrúpaí eile a bhfuil baint acu leis an ollscoil.

Phléigh an tSéiplíneacht le líon níos mó mac léinn agus turais áitiúla agus idirnáisiúnta eagraithe aici mar aon le hoilithreachtaí, cúrsaí spioradálta agus siúlóidí. Anuas air sin, léirigh sí an iliomad traidisiún spioradálta saibhir agus éagsúil sa bhaile agus i gcéin.

## Comhairleoireacht agus Forbairt na Mac Léinn (SCD)

Thacaigh SCD le 2,345 mac léinn le linn na bliana 2017/2018. D'fhreastal 1,455 mac léinn ar sheisiúin chomhairleoireachta aonair agus d'fhreastal 880 ar ghrúpaí. Tháinig méadú de 20% ar na seisiúin aonair a cuireadh ar fáil i gcomparáid leis an mbliain 2016/2017.

D'fhreagair SCD i gcomhar leis an tSéiplíneacht, ar naoi n-eachtra chriticiúla ar an gcampas, ag tacú le 141 duine idir mhic léinn agus bhaill foirne.

I gcomhar le OCLA, thug Marian Browne faoin ról mar Theagmhálaí Ainmnithe Tánaisteach in COC.

I gcomhar leis an Aonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, chun bheith mar phointe teagmhála ainmnithe do mhic léinn thrasinsnceacha/neamh-dhénártha ar mhian leo oibriú trí sheicliosta aistrithe na hollscoile faoin dréacht-Pholasaí um Léiriú agus Féiniúlacht Inscne.

Tacaíocht Scrúduithe: Thug SCD tacaíochtaí ainmnithe d'Oifig Taifead agus Scrúduithe na Mac Léinn le linn na dtréimhsí scrúduithe. Bhí comhairleoirí ar fáil chun tacú le mic léinn a raibh strus orthu a d'fhág gan chumas iad nó ar bhuail taomanna scaoill iad le linn na scrúduithe. Bhí seo mar chabhair dóibh chun a gcuid scrúduithe a chur i gcrích agus chun tacú lena ndul chun cinn acadúil.

Léirigh suirbhé de mhic léinn a bhí ag freastal ar chomhairleoireacht gur mheas 88% díobh go raibh comhairleoireacht éifeachtach/an-éifeachtach agus i gcás 82% de mhic léinn, bhí an chomhairleoireacht tábhachtach/an-tábhachtach maidir lena gcinneadh chun fanacht in COC.

## Piarthacaíocht COC agus Niteline

Bhí 297 Ceannaire Piarthacaíochta (CPanna) ag feidhmiú don bhliain acadúil a chlúdaigh nach mór gach cúrsa san ollscoil.

Chuir CPanna 10,555 u.a.c. d'obair dheonach thar ceann na hollscoile le linn na bliana acadúla, gan am duine le duine a caitheadh le mic léinn na chéad bhliana san áireamh.

Chomheagraigh Piarthacaíocht Lá Oscailte an Earraigh i gcomhar leis an Oifig Iontrála, a rinne freastal ar níos mó ná 5,000 mac léinn meánscoile ar champas COC le linn dhá lá i mí Bealtaine.

Chuir 55 deontóir gníomhach de chuid Niteline 1,622 u.a.c. de thacaíocht ar fáil ar son na hollscoile i rith na bliana acadúla 17/18.

## Sláinte na Mac Léinn

Chuir Roinn Shláinte na Mac Léinn níos mó ná 21,500 coinne ar fáil. I measc na seirbhísí tá: frithghiniúint agus sláinte ghnéis, vacsaínithe taistil, scagthástáil sláinte a bhain le cúrsaí áirithe, seirbhís coireála gortuithe spóirt, meabhairshláinte (lena n-áirítear seirbhís siciatrí chomhairligh).

CUSPÓIR A hAON

Foghlaim





# Ag Tacú le hAistriú go dtí Saol na hOibre nó Staidéar Breise

## Seirbhís na nGairmeacha

Cabharaíonn Seirbhís na nGairmeacha le mic léinn COC a gcuid cuspóirí a bhaint amach maidir lena ngairmeacha beatha agus comhairle faoi ghairmeacha beatha duine le duine a chur ar fáil mar aon lem cóitseáil, ceardlanna agus imeachtaí infhostaitheachta, taithí oibre nó deiseanna socrúchán agus deiseanna do chéimithe agus d'iarchéimithe.

### Torthaí Fostaíochta Céimithe COC – Rang 2017/18

In Earrach na bliana 2018, cuireadh suirbhé ar an 4,610 céimí trí cheistneoirí, ríomhphoist agus glaonna gutháin. Gnóthaíodh ráta freagartha de 74%. Bhí 91% ag obair nó ag tabhairt faoi staidéar breise.

Ar na pointe is tábhachtaí:

- Thuairiscigh 65% de na céimithe go léir a d'fhreagair go raibh siad ag obair.
- Lean 26% díobh ar aghaidh ag staidéar. Céimithe leibhéal 8 ab ea bhformhór agus bhí siad ag tabhairt faoi chéim leibhéal 9.
- Bhí 5% acu ag lorg oibre ar bhonn gníomhach agus ní raibh an 4% eile ar fáil do shaol na hoibre.

### Buaicphointí Sheirbhís na nGairmeacha 2017/18

Fuair an fhoireann um Chaidreamh Infhostaitheachta agus Fostóirí ardmholadh as a dtionscadal dar teideal UCC Works Award– Digital Badges: A 21st Century micro-credential that evidence students' life wide journeys to employers via online platforms. In today's hyperlinked world, local employability activities gain global reach' ag Gradaim an Chomhlachais um Ghairmeacha Ardoideachais sa bhliain 2018. Tá Seirbhís na nGairmeacha in COC ar an gcéad seirbhís dá leithéid in Éirinn a sheol suaitheantais dhigiteacha.

Bronnadh 331 gradam de chuid Oibreacha COC faoin gceithre chósán ar 274 mac léinn.

Imeacht bliantúil is ea Aonach Earcaíochta COC anois agus réachtáladh é den chéad uair in Airéine na Muirdíge i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2017. Bhí 104 ionadaí ann cuid acu ag iarraidh céimithe a earcú, cuid eile ag soláthar intéirneachtaí agus cuid eile a raibh cláir do chéimithe á gcur ar fáil acu.

Tugadh cuairt ar 269 comhlacht, ag aontaí, seónna bóthair, cur i láthair aonair, seastáin agus ceardlanna. Bhí plé díreach ag níos mó ná 6,500 mac léinn le fostaithe ar an gcampas.

Fógraíodh iomlán de 1,663 deiseanna fostaíochta agus intéirneachta do chéimithe le linn 2017/2018.

Cuireadh seisiúin chomhairleoireachta nó chóitseála duine le duine mar ghealI ar ghairmeacha ar fáil do mhic léinn i gcaitheamh na bliana acadúla.

Chomhoibrigh an fhoireann chomhairleach leis an bhfoireann acadúil ar 38 clár céime sna disciplíní go léir, d'fhonn oideachas treoirghairme a sholáthar i rith thráthchláir na mac léinn. Tugadh 142.5 u.a.c. de cheardlanna agus de chlinicí grúpa do 1,258 mac léinn ón gcéad bhliain go dtí leibhéal an PhD, laistigh dá

CUSPÓIR A hAON

# Foghlaim







dtráthchláir acadúla, agus bhí siad seo fite fuaite i scileanna ábhartha agus i modúil forbartha gairmiúla.

Chomhlánaigh 455 mac léinn suirbhé le Seirbhís na nGairmeacha tar éis dóibh comhairle a lorg uathu. Léiríodh ardleibhéal sástachta agus thuairiscigh 86% go raibh siad "an-sásta" leis an seisiún comhairleach agus chuir 83% acu in iúl gurb é is dóichí ná go molfaidís an tseirbhís comhairleoireachta do chara nó do chomhghleacaí.

Bhainistigh an fhoireann le haghaidh socrucháin oibre in COC na socrúcháin i gcomhar le 30 clár acadúil. Tacaíocdh le 1,015 mac léinn agus d'éirigh le 96% díobh tabhair faoi shocrúchán oibre sa tionsclaíocht. Rinne an 4% eile tionscadal nó tráchtas. oibríonn an fhoireann le haghaidh socrúcháin oibre le níos mó ná 300 fostóir ar leith ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Chuir oifigigh shocrúcháin tionscadal suntasach i gcrích chun an próiseas socrúcháin a mhapáil i dtreo is go bhféadfaí feabhas a chur ar a n-éifeacht.



## Ag Aistriú Isteach/Ag Aistriú Tríd

### Ionad na Scileanna

Osclaíodh Ionad na Scileanna sa bhliain 2017/2018 agus spás ainmnithe san fhoghlaim ghníomhach is ea é a chabhraíonn le mic léinn a gcuid cumarsáide acadúla a fheabhsú. Cuireann seo ar a gcumas a gcuid riachtanas forbartha féin a aithint agus feabhas a chur ar a gcuid oibre acadúla agus a gcuid torthaí measúnaithe agus é seo go léir a dhéanamh go muiníneach. Baineann Ionad na Scileanna úsáid as cur chuige idirghníomhach atá dírithe ar na mic léinn chun plé le forbairt na foghama i gcomhar agus forbairt scileanna agus cuireann sé spás fáilteach ar fáil ionas go mbeidh mic léinn in ann feabhas a chur ar chúrsaí i dtimpeallacht chompordach. Úsáideann an tIonad teanga na síceolaíochtaí dearfaí i dtreo is go mbeidh na mic léinn ábalta ar chumarsáid chriticiúil agus mhuiníneach a dhéanamh.

Is léir go bhfuil ag éirí le hIonad na Scileanna agus líon na mac léinn a d'fhreastail ar an áit sa chéad bhliain dó.

| Freastal ar Ionad na Scileanna | 2017/2018 |
|---|---|
| Seisiúin | 1,856 |
| Duine le duine | 917 |
| Buail isteach | 865 |
| Iomlán | 3,638 |

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim





## Foghlaim agus Teagasc

I mí Iúil 2018 bhí COC ar an aon ollscoil Éireannach a cuireadh i measc an 50 ollscoil is fearr san Eoraip ó thaobh foghalama agus teagaisc de sa chéad *Times Higher Education (THE) Europe Teaching Rankings*.


Tharla roinnt athruithe eagraíochta in Oifig an Leas-Uachtaráin um Fhoghlaim agus Teagasc (OVPLT) le linn 2017/2018. Feabhra na bliana 2018, ceapadh an tOllamh John O'Halloran a bhí ina Leas-Uachtarán um Fhoghlaim agus Teagasc mar Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir. Ceapadh Comhstiúrthóir CIRTL An Dr Marian McCarthy mar Leas-Uachtarán Eatramhach don réimse seo.

Aistríodh an riarachán a bhaineann le hAchomhairc Scrúduithe amach as Oifig an Uachtaráin agus cuireadh isteach in OVLPT é agus aistríodh clár scoláireachta Quercus na Mac Léinn Cumasach as OVPLT go dtí Oifig an Chláraitheora mar a bhfuil iontrálacha agus scoláireachtaí eile.

Tugtar thíos cuid de bhuaicphointí aonad eile laistigh de OVPLT le linn 2017/2018. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag: **www.ucc.ie/en/teachlearn/**

### An tIonad um Chomhtháthú Taighde, Foghlama agus Teagaisc (CIRLT)

Bhí an-chaidreamh leanúnach idir baill foirne agus foireann CIRLT i dtaca le cláir chreidiúnaithe CIRLT (féach figiúr 1). Díol suntais chomh maith is ea an líon daoine a chuaigh ón Teastas Iarchéime go dtí an Dioplóma Iarchéime, agus ón Dioplóma Iarchéime go dtí an Mháistreacht i bhFoghlaim agus Teagasc. Is iad 35% agus 54% na rátaí méadaithe faoi seach.




**Figiúr 1: Líon na rannpháirtithe i gcláir chreidiúnaithe CIRLT**

Reáchtáladh sraith seimineár de chuid CIRLT le linn an dá sheimeastar agus mheall siad lucht éisteachta de 156 agus 182 faoi seach. Ar na topaicí a clúdaíodh sa tsraith bhí cur chuige na foghlama gníomhaí, dearadh uilíoch na foghlama, eitic taighde i bhfoghlaim agus teagasc, agus measúnú mar áis foghlama, mar thomhas foghlama agus le haghaidh na foghlama. Ní raibh baint ag cuid mhaith de na daoine a bhí i láthair le gníomhaíochtaí CIRLT roimhe sin. Chomheagraigh CIRLT sraith ceardlann chun tacú le cur i bhfeidhm an pholasaí Grúpobair COC.

D'eagraigh foireann CIRLT suirbhé mar gheall ar riachtanais ghairmiúla na foirne ó thaobh an teagaisc agus na foghlama de. D'fhreagair 250 ball foirne an suirbhé. D'aontaigh 81% de na freagróirí gur ábhar sásaimh dóibh is ea an teagasc. Thuairiscigh 74% díobh go bhfuil an taighde mar bhunús eolais dá gcuid teagaisc.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim





Aithníodh ualach trom oibre mar bhac suntasach ar an bplé le forbairt ghairmiúil i bhfoghlaim agus teagasc agus rinneadh iarratas ar ghníomhaíochtaí forbartha a bheadh solúbtha ó thaobh ama de. In ainneoin gur lorgaíodh aitheantas níos mó ar fheabhas teagaisc, d'aontaigh 51% nó d'aontaigh siad go láidir gur mhór ag an institiúid an caidreamh le forbairt ghairmiúil i bhfoghlaim agus teagasc. Bainfear leas as torthaí an tsuirbhé nuair a fhorbrófidh CIRLT cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí amach anseo.

Cuireann CIRLT raon gníomhaíochtaí forbartha foirne le haghaidh acadóirí ar cuairt ó ollscoileanna comhpháirtíochta. Cuirtear le chéile sa Chlár do Léachtóirí ar Cuairt tacaíocht leis an bhfoghlaim le forbairt teanga sa Bhéarla. Tháinig fás suntasach ar líon na rannpháirtithe sa chlár agus 223 rannpháirteach ann ó cuireadh tús leis sa bhliain 2012 le comhpháirtithe sa tSín, i Meiriceá Theas agus ar fud na hEorpa. Thaistil foireann de chuid CIRLT go dtí an tSín faoi dhó sa bhliain 2017/2018 chun eolas faoin gclár idirnáisiúnta do scoláirí ar cuairt a chur ar fáil agus chun cur leis na naisc atá ann le hollscoileanna comhpháirtíochta cheana féin.

D'éirigh leis an bhfoireann CIRLT deontas soghluaisteachta a fháil ón Rialtas chun taisteal go dtí an Ríocht Aontaithe agus go dtí an Iorua d'fhonn páirt a ghlacadh i bpiarmhalairt i dtaca le spásanna foghlama agus teagaisc.

Bhí rath ar an iarratas a rinne an Dr Marian McCarthy, an Leas-Uachtarán Eatramhach um Teagasc agus Foghlaim, chun bheith páirteach i dtionscadal piarmhalairte de chuid an Chomhlachais Eorpaigh Ollscoileanna (EUA) faoin bhfoghlaim ghníomach. Tháinig seo chun críche le caint iomlánach ón Dr McCarthy ag an dara Fóram Foghlama agus Teagaisc de chuid an EUA i Vársá sa bhliain 2019.

Tá baint ag foireann CIRLT trí cinn de thionscadail tógála cumais de chuid Erasmus+, eadhon *Transforming Assessment Practices in Large Enrolment First Year Education, Assessment Tools for New Learning Environments in Higher Education Institutions agus Innovative Teacher Education through Personalized Learning*. Cuireadh taighde de chuid CIRLT i láthair ag roinnt comhdhálacha idirnáisiúnta, an Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Scoláireacht an Teagaisc agus na Foghlama san áireamh.

## An Lárionad Teanga

Le linn na bliana acadúla 2017-18, lean an Lárionad Teanga de bheith ag freastal ar an bpobal idirnáisiúnta laistigh de COC agus ar fud Chorcaí chomh maith. Tháinig mic léinn ó 25 tír éagsúil. Bhí líon na mac léinn ag fás i gcónaí: 75 mac léinn in aghaidh na seachtaine ar an meán le linn na dtrí théarma a bhíonn ag an Lárionad Teanga (Meán Fómhair go Meitheamh). Scroicheadh an t-uasmhéid de 90 mac léinn ar uairibh. D'fhreastail os cionn 300 mac léinn ar Scoil Samhraidh an lárionaid.

Chuir an lárionad modúil a raibh creidiúintí acu do 155 mac léinn Erasmus/Ar cuairt agus do 25 mac léinn Shíneacha le hEolaíocht agus Teicneolaíocht an Bhia. Soláthraíodh ranganna oíche nach raibh creidiúintí ag dul leo do níos mó ná 300 mac léinn, idir mhic léinn idirnáisiúnta COC agus mhic léinn ó Chorcaigh a d'íoc táille. Chuir an lárionad ceithre chúrsa CELTA (oiliúint múinteoirí) ar fáil mar aon le cúrsa oiliúna do mhúinteoirí iar-bhunscoile. D'éirigh leis chomh maith modúl 15 chreidiúint maidir leis an mBéarla a mhúineadh mar theanga iasachta (TEFL) mar chuid den BA sna Teangacha Domhanda.

Ba dhearfach an tAthbhreithniú Feabhais a rinneadh ar an Lárionad Teanga i mí Feabhra na bliana 2018. Thacaigh painéal an Athbhreithnithe Feabhais leis an ról straitéiseach tábhachtach a imríonn an lárionad in COC.

**CUSPÓIR A hAON**

# Foghlaim







## Aosoideachas Leanúnach (ACE)

Le linn 2017/2018 chláraigh 2,701 mac léinn páirtaimseartha le ACE ar 134 cúrsa, a múineadh in COC agus in 52 ionad foghlama for-rochtana. Orthu seo bhí 1,770 mac léinn ar chláir chreidiúnaithe agus 931 mac léinn ar 56 gearrchúrsa nach raibh creidiúnaithe.

Cuireadh tús le trí chlár nua:

- Dioplóma Iarchéime i Staidéir an Bhia in Éirinn (leibhéal 9)
- Dioplóma Iarchéime i Staidéir Tráma (leibhéal 9)
- Dioplóma i gCleachtas Bainistíochta (leibhéal 7)

Bunaíodh roinnt conarthaí caidrimh tionsclaíochta nua agus cuireadh i gcrích iad:

- Cuireadh an Teastas i mBainistíocht Soláthair ar fáil i mBord Oideachais agus Oiliúna Éirinn, sa Nás, Co. Chill Dara.
- Cuireadh an Teastas i Maoirseacht Oibríochtaí (Déantúsaíocht Chógaisíochta) ar fáil in Pfizer, san Oileán Beag, Co. Chorcaí.

I gcomhar leis an Aonad Oideachais i bPríosún Chorcaí, lean ACE lena thionscnamh oideachais sa phríosún. Cuireadh dhá ghearrchúrsa 10 seachtaine ar fáil do phríosúnaigh, agus reáchtáil ACE agus Ionad na gComharstaidéar Scoil Samhraidh na gComhar Creidmheasa mar ar fhreastail níos mó ná 100 toscaire ó cheann ceann na tíre.

Tharla tionscadal úrnua in COC ina raibh buíon feirmeoirí a raibh Tionscadal Chairbre um Fheirmeacha Déiríochta Glasa déanta acu. Tugadh díolúintí dóibh ar an Dioplóma in Eolaíocht Chomhsaoil agus Beartas Sóisialta trí phróiseas RPL nó réamhfhoghlaim a aithint. Rinneadh an tionscadal i gcomhar leis an Carbery Multinational Group agus bhí rath ar 17 bhfeirmeoir sa bhliain 2018.

Tá ról láidir ag ACE i gcónaí i gcomhar le Comhairle Contae Chiarraí agus le Páirtíocht Forbartha Chiarraí Theas i dtionscadl CRI na Sceilige atá lonnaithe i gCathair Saidhbhín, Co. Chiarraí. Reáchtáladh turais allamuigh agus ceardlanna i rith na bliana seo agus tháinig méadú ar ghníomhaíochtaí taighde de chuid acadóirí COC i gCiarraí Theas mar thoradh ar scéim deontais.

Ionad fíorthábhachtach is ea ACE leis don tionscnamh Comharsanachtaí Foghlama ar fud na cathrach a reáchtáiltear i gcomhar le CIT, ETB Chorcaí agus Comhairle Cathrach Chorcaí. Cuireadh leis an tionscadal i mbliana chun An Tóchar agus Baile na mBocht a thabhairt isteach agus bhí gníomhaíochtaí pobail suntasacha sna ceantair sin. Rinneadh plé maidir leis an nGleann agus an Paróiste Theas a bheith páirteach sa bhliain 2018/2019. Bronnadh an gradam bliantúil um obair mhór ar son na Foghlama Fadsaoil ar an gCoiste Growing Lifelong Learning in Cork as an tríú comhdháil de chuid UNESCO dar teideal Learning Cities Conference a óstáil agus a eagrú i gCorcaigh i mí Mheán Fómhair na bliana 2017.

## An tIonad um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CCPD)

Bunaíodh CCPD i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2016. An phríomhfheidhm atá aige ná tacú le daoine in COC ar mhian leo deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a fhorbairt agus a chur chun cinn san ollscoil. Go dtí seo tá tacaíocht tugtha aige do 80 clár forbartha gairmiúla leanúnaí agus tá 1,215 teastas bronnta aige ar fhoghlaimeoirí.

## CUSPÓIR A DÓ

# Cruthaigh

A bheith mar ollscoil cheannródaíoch ó thaobh taighde, nuálaíochta, fiontraíochta agus tráchtála de a imríonn dea-thionchar ar an tsochaí.

**CUSPÓIR A DÓ**

Cruthaigh










# Taighde agus Nuálaíocht

Leanann COC de bheith mar cheann de na hollscoileanna a fhaigheann an méid is mó maoiniú don taighde in Éirinn agus rinneadh infheistíocht taighde agus forbartha de níos mó ná €100 milliún sa bhliain 2017/2018, rud a sheasann do mhéadú de 28% (€22 milliún) ón mbliain 2012/2013. Bhí an t-ioncam taighde a fuarthas sa bhliain 2017/2018 ar an méid ab airde riamh don institiúid agus gnóthaíodh é in ainneoin na ndúshlán ó thaobh na heacnamaíochta de ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta (féach Figiúr 2). Ón mbliain 2005, d'éirigh le taighdeoirí COC níos mó ná €1 billiún a fháil ó infheistíocht maoinithe taighde.

## Maoiniú




**Figiúr 2: Próifíl Ioncam Taighde COC — 2012/2013 go dtí 2017/2018 (€/milliún)**




**Figiúr 3: Ioncam Taighde nach dtagann ón Státchiste €/milliún)**

**CUSPÓIR A DÓ**

# Cruthaigh







Tháinig méadú suntasach ar líon na ngradam seachtrach a chuir le hardleibhéal maoinithe taighde COC le linn an chúlaithe eacnamaíochta. Anuas air sin, chuaigh éagsúlacht na bhfoinsí maoinithe a thug maoiniú do thaighdeoirí COC i méid go mór. Tháinig méadú de 60% ar líon na bPríomhthaighdeoirí a fuair maoiniú. Mar thoradh ar na hathruithe ar struchtúr na gcistí maoinithe taighde don ollscoil, bhí dúshláin shuntasacha i gceist maidir le riarachán agus tacaíocht taighde.

Toisc go raibh brú ar mhaoiniú ón rialtas, cruthaíodh níos mó ná €29 milliún (29%) sa bhliain 2017/2018 den ioncam taighde ó fhoinsí nár tháinig ón Státchiste (féach Figiúr 2 ar an leathanach roimhe seo). Seasann seo do mhéadú de 35% ón mbliain 2012/2013 a tháinig go príomha ó mhéadú de 26% ar an maoiniú ó chláir an AE (go dtí €15.1 milliún) agus méadú de 113% ar mhaoiniú ó fhoinsí fiontraíochta (go dtí €10.2 milliún) (féach figiúr 3 ar an leathanach roimhe seo).


Don tríú bliain as a chéile, tá COC ar an institiúid is fearr maidir le hioncam taighde a fuarthas ó earnáil na fiontraíochta, agus fuair sé níos mó ná a dhá oiread de mhaoiniú i gcomparáid leis na hollscoileanna eile.

| Ioncam | Taighde Ollscoile a Fuarthas ón Earnáil Fiontraíochta (€/milliún) |
|---|---|
| COC | 11.0 |
| TCD | 4.1 |
| UCD | 4.6 |
| OÉG | 6.9 |
| DCU | 2.6 |
| OL | 4.8 |
| Má Nuad | 0.3 |

**Ioncam Taighde Ollscoileanna Éireannacha ó Earnáil na Fiontraíochta — Comparáid idir na hOllscoileanna Éireannacha**
(Foinse: *KTI Annual Review & Knowledge Transfer Survey 2017*)

## Taighde i gComhar

Comhoibríonn taighdeoirí COC le 3,311 meitheal taighde i 130 tír a dhéanann níos mó ná 7,600 foilseachán a eisiúint. Fágann seo go mbeidh na taighdeoirí seo in ann leas a bhaint as na naisc atá cruthaithe acu leis an meithleacha seo chun dul chun cinn a dhéanamh i gcláir mhaoinithe pé acu an dtiocfaidh nó nach dtiocfaidh siad ón Státchiste.




**Figiúr 4: Institiúidí ag Comhoibriú le COC**

**CUSPÓIR A DÓ**

Cruthaigh





## Caidreamh leis an Eoraip agus *Horizon 2020*

Creatchlár taighde agus nuálaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) is ea *Horizon 2020*. Seoladh é i mí na Nollag 2013, agus tá an clár seo dar luach €80 billiún ina dheis mhór do COC sna disciplíní taighde go léir.

Ag leibhéal náisiúnta, tá sprioc uaillmhianach airgeadais de €1.25 blilliún leagtha amach ag an rialtas don chlár. Chun dul i ngleic leis an dúshlán seo tá Plean Gníomhaíochta *Horizon 2020* forbartha ag Seirbhísí Tacaíochta Taighde COC chun feabhas a chur ar thacaíochtaí taighde atá ann cheana féin agus chun spriocthacaíochtaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm acu buntáiste iomaíoch suntasach a chur ar fáil dár dtaighdeoirí in *Horizon 2020*. Mar chuid de seo, bunaíodh *PrimeUCC*, an chéad seirbhís ollscoile um bainistiú tionscadal Eorpach atá bunaithe in ollscoil Éireannach.

Is léir gur éirigh go hiontach leis an bPlean Gníomhaíochta mar fuair taighdeoirí COC 134 deontas de chuid *Horizon 2020* (bhí 42 díobh seo mar chomheagraithe agus 92 mar chomhpháirithe) as 700 iarratas ar fad a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin– ráta rathúlachta de 16%, agus meán de 12% san AE. €67 milliún atá i gceist leis seo ó cuireadh tús le *Horizon 2020* sa bhliain 2014.

Tá an ráta rathúlachta is airde ag COC as measc na n-ollscoileanna Éireannacha ar fad.

## Foilseacháin Taighde

Léiríonn anailís a rinneadh gur tháinig méadú de 8.3% ar thorthaí taighde (foilseacháin taighde phiarmheasúnaithe, athbhreithnithe agus páipéir chomhdhála) le cúig bliana anuas. D'fhoilsigh taigheoiri COC 1,871 alt taighde sa bhliain 2017 (de réir bhunachar sonrai Scopus).

Léiríonn anailís chomparáideach ar an méid tagairtí a rinneadh d'fhoilseacháin taighde, i ngch disciplín, go bhfuil ollscoileanna na hÉireann ag feidhmiú ag leibhéal níos airde ná an meán domhanda le cúig bliana anuas. Díol suntais is ea an feabhas suaithinseach a tháinig ar dhul chun cinn COC le bliana beaga anuas.


Ceann de na cúiseanna leis an bhfeabhas ar mhéid na dtagairtí ná sraith comhthionscnamh d'fhonn daoine a chur ar an eolas mar gheallar anailís bhibliméadrachta mar mhodh chun tionchar taighde a thbomhas agus chun straitéisí a thabhair chun solais (roghanna rochtana oscailte san áireamh) chun dul chun cinn a fheabhsú. Tugadh faoi na tionscnaimh seo mar shampla:

- D'éascaigh Leabharlann COC cartlannú ar ailt in CORA, rud a d'fhág gur chuir COC go mór le hailt phiarmheasúnaithe in RIAN, an tairseach náisiúnta um thaighde oscailte, sa bhliain 2017.
- Mar chuid de Chlár Oiliúna um Scileanna Taighde agus ar fud na hinstitiúide go ginearálta, reáchtáladh ceardlanna a bhí dírithe ar dhul chun cinn maidir le tagairtí a thomhas agus a uasmhéadú, arna bhforbairt ag Seirbhís Tacaíochta Taighde COC agus ag an Leabharlann.
- Seoladh acmhainn oiliúna ar líne atá curtha ar fáil ag eagarthóirí na hirisew Nature mar chabhair do thaighdeoirí COC foilsiú sna hirisí is fearr.

Tá gníomhaíochtaí agus idirghabhálacha breise sa ghné seo mar chuid lárnach de Phlean Straitéiseach Taighde agus Nuálaíochta COC (2017–2022).

CUSPÓIR A DÓ

Cruthaigh







## Gradaim Taighde COC 2018

Comhartha ómóis is ea Gradaim Taighde COC do bhaill foirne as na gaiscí atá déanta acu i saol na hollscoile, mar shampla misean taighde na hinstitiúide a chur chun cinn, agus aithníonn siad feabhas sa taighde faoi dheich gceannteideal. Déanann Gilead Sciences Ireland urraíocht ar na gradaim.


**Buaiteoirí Ghradaim Taighde COC**

| Gradam Taighde | Buaiteoir |
|---|---|
| Foilseachán na Bliana ina bhfuil mac léinn fochéime mar Údar | **Mary Tobin** – Scoil na Síceolaíochta Feidhmí |
| Ag Cruthú Cultúir um Iompar Freagrach sa Taighde | **An Dr Mike Murphy** – Scoil na Síceolaíochta Feidhmí |
| Luath-Thaighdeoir na Bliana | **An Dr Justin Doran** – Roinn na hEacnamaíochta<br>**An Dr Thomas Birkett** – Scoil an Bhéarla<br>**An Dr Pauline Scanlan** – *APC Microbiome Ireland*<br>**An Dr Gediminas Juska** – Ionad Fótónaice, Institiúid Náisiúnta Tyndall |
| Taighdeoir Oscailte na Bliana | **An tOllamh Colm O'Dwyer** – Scoil na Ceimice |
| Cumarsáidí Taighde na Bliana | **An Dr Theresa Reidy** – An Roinn Rialtais agus Polaitíochta |
| Stiúrthóir Taighde na Bliana | **An tOllamh Nuala Finnegan** – An Scoil Teangacha, Litríochtaí agus Cultúr |
| An duine is mó a thacaigh le taighde i rith na bliana | **Mary Hough** – *APC Microbiome Ireland*<br>**An Dr Seán Lucey** – Coláiste an Ghnó agus an Dlí |
| Foireann Taighde na Bliana | **An Dr John Crowley ag seasamh d'fhoireann *Atlas of the Irish Revolution*** – Roinn na Tíreolaíochta |
| Taighdeoir na Bliana | **An tOllamh Patricia Kearney** – Scoil na Sláinte Poiblí |
| Gradam Taighde um Ghaisce sa Ghairm Bheatha | **An tOllamh Fergus Shanahan** – *APC Microbiome Ireland* |

## Aistriú agus Nuálaíocht Teicneolaíochta

Tá COC tiomanta do bheith ag obair mar chomhpháirtí tábhachtach leis an tionsclaíocht a mhaoiníonn cuid dár n-iarracht taighde.

Sa bhliain 2017/2018, bhunaigh COC níos mó ná 80 tionscadal taighde nua arna maoiniu go hiomlán nó i bpáirt ag tionsclaíocht. Ba idir €5,000 seisiúin de chaidreamh le fiontair áitiúla (arna maoiniú ag scéim Dearbhán Fhiontraíocht Éireann) agus comhchláir dar luach na milliún idir comhlachtaí Éireannacha agus ilnáisiúnta agus ár n-ionaid taighde ildisciplíneach. Sheas taighde tionsclaíochta (nuar a chuirtear taighde maoinithe go hiomlán nó i bpáirt san áireamh) do 30% dár n-ioncam taighde iomlán agus do nach mór 10% de láimhdeachas iomlán na hollscoile.






**Figiúr 5: Gníomaíocht Aistrithe Teicneolaíochta (2013–2018)**

Sa tréimhse seo, thráchtálaigh COC níos mó ná 30 teicneolaíocht trí cheadúnas a thabhairt do chearta maoine intleachtúla a aistríodh go dtí tionsclaíocht. Rinneadh seo mar go bhfuil sé mar aidhm againn go mbeadh tionchar ag obair ár

**CUSPÓIR A DÓ**

# Cruthaigh





bpobail taighde. Seoladh sé tháirge le déanaí a raibh maoin intleachtúil COC acu i réimsí na micrileictreonaice, agus an bhia agus na sláinte.

Tá dea-theist ar COC i gcónaí maidir le mac-chuideachtaí a chuireann le hacmhainn eacnamaíoch mhaoin inlteachtúil agus shaineolas na hollscoile. Sa bhliain 2017/2018 bunaíodh trí mhac-chuideachta eile rud a fhágann go bhfuil 21 acu ag COC anois.

**TAIRSEACH COC**

Tacaíonn Gorlann Fiontraíochta de chuid TAIRSEACH COC fiontraíocht in COC agus sa cheantar máguaird. Cuireann sé ar fáil don lucht fiontraíochta agus do ghnólachtaí nuathionscanta eolasbhunaithe saineolas de chuid ollscoile a bhfuil cáil dhomhanda uirthi atá lámh leo mar aon le clár tacaíochta gnó (an SPRINT Accelerator Programme – arna thacú ag Fiontraíocht Éireann).

Óstálann TAIRSEACH COC 15 chomhlacht faoi láthair a chuimsíonn cúig chomhlacht nua a d'aistrigh isteach i mbliana. Thacaigh sé le níos mó ná 45 fiontraíocht nuathionscanta ar a bhfuil mac-chuideachtaí ónár dtaighde san áireamh. Orthu siúd tá: Metabolomic Diagnostics, Luxcel Biosciences agus Exceedence Ltd.


**Clár Nuálaíochta Gnó do Chéimithe IGNITE**

Tharla an naoú Clár Nuálaíochta Gnó do Chéimithe IGNITE sa bhliain 2018. Clár 12 mhí is ea IGNITE a thacaíonn le céimithe nua ó insititúid tríú leibhéal ar bith in Éirinn tairge nuálach nó smaoineamh faoi sheirbhís a athrú ina gnó inmharthana agus inscálaithe.

Sa bhliain 2017/2018 beartaíodh go ndúblófaí líon na rannpháirtithe. Thacaigh IGNITE le 20 cuideachta; chríochnaigh naoi gcinn acu an clár sa bhliain 2018 agus bhí deich gcinn eile leathshlí tríd an gclár faoi dheireadh na bliana. De bharr go bhfuil grúpaí IGNITE ag forluí ar a chéile gach sé mhí, cuirtear leis an aistriú eolais, taithí, caidreamh agus gréasán agus imríonn sé tionchar dearfach ar chreat fiontraíochta an chláir.

Thacaigh an chéad ocht gclár le 104 duine aonair ó níos mó ná 90 fiontraíocht nuathionscanta. Tá 63 cuideachta ón gclár ag trádáil go gníomhach i gcónaí agus fostaíonn siad 190 duine agus tá 75% díobh ag obair go lánaimseartha.

Faigheann an clár maoiniú ó COC, Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí, Oifigí Fiontraíochta Áitiúla Chathair agus Chontae Chorcaí, Banc na hÉireann, Musgraves, Ronan Daly Jermyn agus KPMG.



## CUSPÓIR A TRÍ

# Téigh i mbun agus Gníomhaigh

Luach a chruthú dár bpobal agus meon idirnáisiúnta againn agus sinn ag plé le ceisteanna áitiúla agus domhanda ar bhonn eolasach agus cruthaitheach.

**CUSPÓIR A TRÍ**

Téigh i mbun agus Gníomhaigh





## Tuairisc ar Thionchar Eacnamaíoch agus Sochaíoch Choláiste na hOllscoile Corcaigh

Léirigh an tuairisc a foilsíodh i mí Bealtaine na bliana 2018 an tionchar a imríonn COC ar gheilleagar Chorcaí, na Mumhan agus na hÉireann.

Cuirtear ar fáil sa staidéar mionanailís ar thionchar COC ar chúig phríomhréimse: an eacnamaíocht; forbairt an lucht saothair; gnó; cruthú agus fionnachtain; sochaí agus comhphobal.

Ar bhuaicphointí an staidéir tá, tionchar eacnamaíoch iomlán COC (Oll-Bhreisluach) dar luach €853 milliún in aghaidh na bliana; táirgtear an toradh seo le haghaidh infheistíocht stáit de €151 milliún. As gach €1 d'infheistíocht stáit, tugann COC €5.68 do gheilleagar na hÉireann.

Scríobh Mark Hutchinson, Ollamh an Airgeadais an tuairisc i gcomhar le David Hogan, Taighdeoir Airgeadais i Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí, COC.

## Ollscoil Tearmainn

Bronnadh stádas 'Ollscoil Tearmainn' ar COC. Chuaigh an raon gníomaíochtaí a bhfuil COC ag plé leo d'fhonn cultúr fáilteach a chothú d'iarrthóirí tearmainn agus do theifigh i bhfeidhm go mór ar Choiste Stiúrtha um Ollscoileanna Tearmainn in Éirinn (UoSI). Fógraíodh go foirmiúil i mí Eanáir seacht Scoláireacht Ollscoile Tearmainn. Bainfidh mic léinn leas as na Scoláireachtaí seo i mí Mheán Fómhair na bliana 2018.

D'fhreastail 30 iarrthóir tearmainn agus teifeach óg ar an gcéad Cheardlann um Iarratas a Dhéanamh ar Scoláireachtaí Tearmainn. Meitheamh 2018 an sprioc le haghaidh iarratais scoláireachta, agus tá iarratasóirí in iomaíocht le haghaidh seacht n-áit. Leanann seo an chéad Seachtain do Theifigh 5-9 Feabhara, inar thug an tOllamh Alison Phipps léacht atá ina Cathaoirleach Imeascadh Teifeach de chuid UNESCO. Cuiireadh meitheal le chéile tar éis Sheachtain an Chomhionannais chun na féidearthachtaí maidir le COC a bheith mar Ollscoil a Thacaíonn le Daoine Beag Beann ar Aois a phlé.

## Tionscnamh Ollscoile a Thacaíonn le hUathchas

I mí Iúil 2018, sheol an Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir tionscadal trí bliana chun timpeallacht acadúil, shóisialta agus fhisiciúil a thacóidh le mic léinn uathacha roimh dóibh tosú san ollscoil go dtí go mbronnfar céim orthu agus go bhfaighidh siad post. Aontas na Mac Léinn in COC a chuir an tionscnamh chun cinn agus tugtar faoi i gcomhar le AsIAm.ie, an eagraíocht tacaíochta agus abhchóideachta in Éirinn do dhaoine uathacha. Mar thoradh ar an tionscnamh, beidh foirgneamh den chéad scoth i gcroílár an champais a bheidh oscailte do mhic léinn uile, a bheidh mar ionad cuimsitheach, ciúin mar a mbeidh seomra na gcéadfaí, bialann, seomra machnaimh chomh maith le leithris inrochtana agus ilisncne. Déanfar iniúchadh ar fud an champais ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí na mac léinn d'fhonn cur le tacaíochtaí éifeachtacha na hollscoile do mhic léinn uathacha. Cuirfear oiliúint ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn le linn na chéad bhliana acadúla eile mar gheall ar fheasacht uathachais.

**CUSPÓIR A TRÍ**

Téigh i mbun agus Gníomhaigh





## An tIonad um Fhorbairt Dhomhanda

Rinneadh athsheoladh ar an Ionad um Fhorbairt Dhomhanda sa bhliain 2018 agus tuairiscíonn sé chuig Oifig an Leas-Uachtaráin um Ghnóthaí Acadaúla. Cuireann an tIonad fóram uile-ollscoile ar fáil chun suim a spreagadh i dtionscnaimh forbartha domhanda a éascóidh comhoibriú idirdhisciplíneach sa mhisean seo.

Tá an Dr Nick Chisholm, Léachtóir Sinsearach sa Roinn Gnó agus Forbartha Bia ceaptha ina Stiúrthóir ar an Ionad go ceann trí bliana. I gcomhar le coiste stiúrtha d'ionadaithe an choláiste, tá sé i mbun próisis chun tosaíochtaí straitéiseacha an Ionaid a aithint.

Reáchtáil an tIonad um Fhorbairt Dhomhanda comhdháil dar teideal Global Hunger Today: Challenges and Solutions i mí Bealtaine mar chuid de Chomóradh Náisiúnta an Ghorta. Dhírigh an chomdháil ar fhadhbanna comhaimseartha a bhaineann le gortaí, neamhchinnteacht bhia, míchothú agus ról eagraíochtaí forbartha na hÉireann chun dul i ngleic leis na ceisteanna seo. Ar rannpháirtithe na comhdhála bhí scoláirí agus cleachtóirí a bhfuil clú domhanda orthu, mar shampla an tOllamh Alex de Waal, speisialtóir i ngéarchéimeanna daonna agus conas teacht i gcabhair orthu; An Dr Shenggen Fan, Ard-Stiúrthóir na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Polasaí Bia (IFPRI); An Dr Stineke Oenema, Ceann Rúnaíocht Choiste Stiúrtha um Chothú de chuid na Náisiún Aontaithe; agus mórchuid cleachtóirí forbartha ó mhóreagraíochtaí Éireannacha atá ag saothrú chun dul i ngleic le géarchéimeanna daonna agus le dúshláin forbartha fhadtéarmacha a bhaineann le slándáil bhia. Fuair an chomhdháil tacaíocht mhaoinithe ón Roinn Gnóthaí Eachtracha. Shínigh an Dr Fan Meamram Tuisceana chomh maith chun gníomhaíochtaí i gcomhar a fhorbairt a phléann le slándáil bhia idir IFPRI agus COC.

## Comhpháirtíochtaí agus Caidrimh Sheachtracha

D'óstáil an Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir toscaireacht ar cuairt ón tSín, ar a raibh Jin Donghan, Uachtarán Ollscoil Shang-hai, d'fhonn deiseanna comhoibrithe idir SHU agus COC a thapú. Chomh maith leis sin i mí Aibreáin, bhí sé i gceannas ar chuairt COC ar Ollscoil Massachusetts le cur leis an gcomhoibriú le COC agus sheol an chéad Fhéile Foghlama Fadsaoil ann i Halla Íochtair na Cathrach. Dhírigh an chuairt ar phlé mar gheall ar inbhuanaitheacht agus leagadh béim ar an iarratas ar STARS, an creat a úsáidtear in ollscoileanna SAM chun a ndul chun cinn inbhuanaitheachta a thomhas.

Bhí an Méara Ed Lee, Méara San Francisco, i gceannas ar thoscaireacht de 90 ball de phobail chathartha, ealaíon, chultúrtha, ghnó, daonchairdis agus oideachais a thug cuairt ar Chorcaigh i mí Mheán Fómhair. Chaith an toscaireacht seal in COC agus é mar aidhm acu na caidrimh a bhí ann cheana féin a fheabhsú, caidrimh institiúideacha nua a fhorbairt agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta de chuid COC a léiriú d'infheisteoirí ionchasacha.

Bhí an tUas Linas Linkevicius, Aire Gnóthaí Eachtracha na Liotuáine, i gceannas ar thoscaireacht a thug cuairt ar COC. Chuir an tUas David Stanton, An tAire Stáit Comhionannais, Inimirce agus Imeasctha mar aon le Patrick O'Sea, Uachtarán agus an tOllamh John O'Halloran, Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir fáile rompu. Ar chlár na toscaireachta bhí síniú Meamraim Tuisceana le hOllscoil Vytautas Magnus, cuairt ar an Mol um Nuálaíocht Sláinte, comhdháil EU27 dar teideal *Forging Partnerships: Ireland and Lithuania*, arna comheagrú ag an Roinn Rialtais agus Polaitíochta, agus cruinnithe le hionadaithe na hollscoile.

**CUSPÓIR A TRÍ**

Téigh i mbun agus Gníomhaigh







## COC san Eoraip

Bhí COC páirteach i dtionscadal H2020 maidir le conas taighde agus nuálaíocht fhreagrach a neadú i gcuraclaim ardoideachais (EnRRICH, **www.enrrich.eu**) le trí bliana anuas. Tháinig an tionscadal chun críche le ceardlann do lucht déanta beartas i bParlaimint na hEorpa ar an 24 Eanáir 2018 mar ar phléigh na rannpháirtithe impleachtaí an tionscadail do bheartais Ardoideachais agus Thaighde an AE, faoi scáth an ***project policy brief***. Tá léirithe ag EnRRICH na féidearthachtaí atá ann do thionscnaimh taighde phobalbhunaithe ar nós thionscnamh CARL (Naisc Thaighde Acadúil an Phobail de chuid COC) a athraíonnn an treo maidir le taighde chun go mbeidh torthaí sóisialta aige i slí a chinnteoidh réimse níos leithne daoine agus guthanna i dtaca leis na ceisteanna agus na fadhbanna ar chóir taighde a dhéanamh orthu.

Ceapadh an Dr Jean van Sineren-Law mar Stiúrthóir COC ar Chaidrimh Eorpacha agus Gnóthaí Poiblí. Sa ról seo, tá Jean freagrach as comhpháirtíochtaí tábhachtacha a bhunú do COC le hinstitúidí, ollscoileanna, rialtais agus gníomhaireachtaí san Eoraip d'fhonn misean COC a chur chun cinn. Cruthóidh na comhpháirtíochtaí seo smaointe agus cleachtais nua san ollscoil agus tapóidh siad deiseanna nua, rud a chuirfidh le fás eacnamaiochta, sóisialta agus cultúrtha. Cuirfidh obair Jean le clár taighde *Horizon 2020* mar aon le *Horizon Europe* a d'eascair as agus a thiteann faoi scáth an Leas-Uachtaráin Taighde agus Nuálaíochta. Beidh baint níos lárnaí ag COC leis an bhforbairt réigiúnach in Éirinn chomh maith dá bharr.

## Plean um Chompháirteachas Poiblí agus Pobail COC

Sheol COC a chéad Phlean um Chomphpáirteachas Poiblí agus Pobail mí na Nollag 2017. Leagtar amach sa phlean cúig bliana sprioc uaillmhianach '*to become more connected, visible and egnaged with and for the community*'. D'fhonn an sprioc seo a bhaint amach, éilítear sa phlean go mbeifear tiomanta as an nua do bhonneagar, teagasc agus taighde go fisiciúil agus ó thaobh eagair de. Imreoidh an tiomantas seo dea-thionchar suntasach ar thimpeallacht acadúil, taighde agus teagaisc COC agus níos tábhachtaí fós, beidh tionchar nach beag aige ar a chaidreamh leis an bpobal.

Thug an tOllamh Tony Gallagher ó Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste an eochairchaint. Díríonn a chuid taighde siúd ar ról an oideachais i sochaithe a bhfuil deighiltí iontu. Tá obair déanta aige le Comhairle na hEorpa agus le grúpa d'ollscoileanna Mheiriceá maidir le ról cathartha an ardoideachais.

**Ag Tacú le hOiliúint Náisiúnta sa Chomhpháirteachas Poiblí**
Tá COC ag obair le Campus Engage, gréasán náisiúnta maidir le compháirteachas poiblí agus pobail, chun Pointí Teagmhála Náisiúnta (NCP) ar fud na hEorpa don oiliúint sa chomhpháirteachas poiblí a fhorbairt. Is iad na Pointí Teagmhála Náisiúnta (NCPanna) an príomhsruchtúr chun treoir, eolas praiticiúil agus cúnamh a chur ar fáil maidir leis na gnéithe ar fad a bhaineann le bheith rannpháirteach in *Horizon 2020*.

**Tionscadail an Phobail agus na Mac Léinn**
Tá foireann CARL ag tacú le níos mó ná 26 tionscadal do mhic léinn le 24 comhpháirtí ón tsochaí chathartha. Tá seo ar an líon is mó tionscadail bheo in aon bhliain amháin do thionscnamh CARL agus cinntíonn sé go mbainfidh sé amach spriocanna an phlean um Chomhpháirteachas Poiblí agus Pobail. Tháinig na mic léinn a bhí rannpháirteach ó dhisciplíní ar nós na n-eolaíochtaí sóisialta, na héisteolaíochta, sláinte poiblí, na zó-eolaíochta agus na staire.


Sheol COC modúl iarchéime nua sa bhliain seo chomh maith i dtaighde rannpháirteach pobalbhunaithe (PG6025) inar phléigh mic léinn le Fóram Timpeallachta Chorcaí san eispéireas foghlama nuálaioch seo. Ba mhór an t-éileamh a bhi ar an modúl agus tagann an bhuíon reatha mac léinn ó raon disciplíní ar fud na hOllscoile, eadhon: innealtóireacht, eipidéimeolaíocht, síceolaíocht, na daonnachtaí digiteacha agus gnó agus forbairt bhia.

**CUSPÓIR A TRÍ**

Téigh i mbun agus Gníomhaigh





## COC agus Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí – Ag Cruthú in Éineacht

I mí Feabhra 2018, d'fhógair agus sheol COC agus Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí (COH) a gcomhpháirtíocht straitéiseach. Comhpháirtíocht ocht mbliana atá i gceist agus beidh an dá eagraíocht ag obair a lámha a chéile chun oideachas a chur ar an gcéad ghlúin eile de bhainisteoirí ealaíon, cleachtóirí agus daoine gairmiúla cruthaitheacha. Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht seo, tá COH mar Amharclann Foghlama agus tugann sí timpeallacht tumfhoghlama do COC a shaibhríonn agus a fheabhsaíonn eispéireas na mac léinn.

Úsáidtear sócmhainní ar bhonn cliste leis an gcomhpháirtíocht seo chomh maith. Tugann COH rochtain do COC ar shaoráid ina bhfuil 930 suíochán ag rátaí fabhracha. Bainfidh COC úsáis as saoráid an COH le haghaidh imeachtaí móra do mhic léinn agus chun cur le seirbhís chomhdhála na hollscoile.

## Cuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir

Reachtáladh searmanais chuimneacháin náisiúnta an ghorta mhóir in COC sa bhliain 2018. Bhí gníomaíochtaí éagsúla ar bun mar ullmhú don phríomhimeacht mar a raibh an tUachtarán Michael D Higgins i láthair. Ar na gníomhaíochtaí seo bhí:

- Seoladh An Gorta Mór Ar Líne, tionscadal inar féidir le daoine impleachtaí an ghorta mhóir ina gceantar féin a fheiceáil.
- Rinneadh bothán dóibe a athchruthú, An Bothán, mar ar mhair agus ar bhásaigh na bochtáin.
- Comhdháil ar an ocras ar fud an domhain arna heagrú ag COC le cainteoirí idirnáisiúnta agus náisiúnta.
- Léacht Phoiblí ar *Mapping the Great Irish Famine* le Mike Murphy, Roinn na Tíreolaíochta, COC le Réamhrá ón Ollamh W.J. Smyth. Turas croineolaíoch is ea an léacht agus baineadh leas as íománna ó *The Atlas of the Great Irish Famine* (Cló Ollscoil Chorcaí, 2012).
- Cuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir, An Chearnóg Láir, COC.

## A Mhórgacht An Prionsa Charles ar Cuairt

Thug a Mhórgacht an Prionsa Charles cuairt ar COC i Meitheamh na bliana 2018. Bhí sé mar aidhm ag COC machnamh fiontraíoch, nuálach agus neamhspleách na mac léinn a thabhairt chun solais. Bhí na téamaí seo sa chlár: gnó, ceartas sóisialta, nuálaíocht sa chúram sláinte agus na taibh-ealaíona. Leagadh béim chomh maith ar sheoda stairiúla agus cutlúrtha an champais.

## Tionscadal Éireann 2040

D'óstáil COC an chéad chruinniú faisnéise don réigiún mar chuid de Thionscadal Éireann 2040 i mí Márta 2018. Chuir an Taoiseach Leo Varadker, an Tánaiste Simon Coveney agus na hAirí Pascal Donohe, Mary Mitchell O'Connor agus Michael Creed sonraí Thionscadal Éireann 2040 i láthair. D'fhreastail níos mó ná 700 ar an imeacht a bhí oscailte do chách, ionadaithe ón gcathair agus máguaird san áireamh.

## Caidrimh Forbartha agus Alumni

Tá daoine gairmiúla ó gach coláiste a phléann le tiomsú airgid bainteach le foireann infheistíochta straitéisí na hollscoile.


## CUSPÓIR A CEATHAIR

# Earcaigh agus Forbair

Baill foirne ar ardchaighdeán a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád agus tacú leo d'fhonn éagsúlacht ina measc a chinntiú agus atá in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach.

**CUSPÓIR A CEATHAIR**

# Earcaigh agus Forbair








## *Athena SWAN*

Bronnadh Gradaim Chré-Umha *Athena SWAN* ar Scoil na Bitheolaíochta, Scoil Eolaíocht an Chomhshaoil agus na Domhaneolaíochta, Scoil na Ceimice agus Scoil na Cógaisíochta. Bhí siad ar na chéad Scoileanna de chuid COC a ghlac páirt i gcreidiúnú roinne *Athena SWAN* agus d'éirigh níos fearr leo sa chéad iarracht ná mar a rinne Institúidí Ardoideachais eile in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

Is mór an tábhacht a bhaineann leis na Gradaim Chré-Umha Roinne seo agus gradam cré-umha ollscoile bainte amach ag COC. Leagann siad béim ar an teachtaireacht go bhfuil an ceart ag gach duine agus an fhreagracht orthu comhionannas agus éagsúlacht inscne a chur chun cinn ag an leibhéal áitiúil.

Tá COC ag glacadh le Priosabail Chairte *Athena SWAN* atá éigeantach in Éirinn ón mbliain 2019 ar aghaidh. Gach iarratas COC amach anseo, beidh siad faoi scáth na Cairte seo.

## Creidiúnú *KeepWell Ibec*

Bhí COC ar an gcéad institiúid tríú leibhéal sa tír a fuair Marc *KeepWell Ibec* mar aitheantas ar thiomantas na hollscoile le fada an lá d'fholláine agus do leas a lucht oibre de nach mór 3,000 duine.

Léiríonn an creidiúnú náisiúnta seo ó Ibec d'fholláine san ionad oibre tiomantas COC chun saol na mball foirne a fheabhsú. Déantar breithiúnas ar an Marc *KeepWell* trí iniúchadh cuimsitheach, agus tri thagarmharcáil a dhéanamh bunaithe ar raon caighdeán aitheanta in ocht gcinn de réimsí tábhachtacha cleachtais ghnó agus ar mheasúnuithe ar an láthair.

Chomh maith le Plean Straitéiseach 2017 – 2022 a thiomsú a thagraíonn d'iondochtú, folláine an fhostaí agus cláir forbartha gairmiúla, cuireann an ollscoil raon leathan ranganna, ceardlann agus tionscnamh ar fáil do bhaill foirne. Orthu seo tá: ranganna samba agus faoisimh ealaíne; ióga agus machnamhacht; agus ceardlanna bunaithe ar théamaí cosúil le strus a bhainistiú, airgeadas pearsanta agus suan. Is féidir le baill foirne páirt a ghlacadh i ranganna gníomhaíochta fisiciúla go rialta. Is minic a bhíonn na ranganna seo faoi stiúir ag ball foire ina ndéantar scrúduithe sláinte.

## Gradam HR i bhFeabhas Taighde

D'éirigh le COC Gradam HR i bhFeabhas Taighde a choimeád ag an gCéim Bhliantúin um Athnuachain Gradam i mí Eanáir 2018.

## CUSPÓIR A CÚIG

# Maoinigh agus Tóg

Ár mbonneagar agus ár mbunús acmhainní a threisiú.

**CUSPÓIR A CÚIG**

Maoinigh agus Tóg





# Airgeadas


## CÚRSAÍ AIRGEADAIS COC: 2013/14 – 2017/18

| Ráiteas Maoinithe an ÚAO | 2013/14 €000 | 2014/15 €000 | 2015/16 €000 | 2016/17 €000 | 2017/18 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam Iomlán | 270,812 | 281,921 | 293,039 | 308,600 | 318,984 |
| Caiteachas Iomlán | 272,464 | 283,139 | 292,693 | 318,813 | |
| Barrachas / (Easnamh) | (1,652) | (1,218) | 346 | 1,204 | 171 |
| Cúlchistí Ioncaim Charnaigh | (3,363) | (4,581) | (4,235) | (2,887) | (2,716) |
| Cúlchistí Athluachála | 134,203 | 134,203 | 134,203 | 134,203 | 134,203 |
| Iomlán na gCúlchistí | 130,840 | 129,622 | 129,968 | 131,316 | 131,487 |
| Ioncam Taighde – curtha san áireamh thuas | 73,909 | 77,683 | 82,169 | 85,441 | 85,408 |

## IONCAM TAIGHDE AGUS FORCHOSTAS SAN ÁIREAMH – 2017/18

| Comhlacht Maoinithe | % | Méid |
|---|---|---|
| DAFF | 3% | 2,601,365 |
| Fiontraíocht Éireann | 9% | 8,547,214 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 0% | 445,514 |
| An Bord Taighde Sláinte | 4% | 4,193,124 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 36% | 36,565,194 |
| Maoiniú Státchiste Eile | 19% | 18,719,574 |
| An tAontas Eorpach | 15% | 15,092,488 |
| Tionsclaíocht | 10% | 10,166,522 |
| Maoiniú Neamh-Státchiste Eile | 3% | 3,889,976 |
| | **100%** | **100,220,971** |

**Ioncam Taighde 2018**



**CUSPÓIR A CÚIG**

# Maoinigh agus Tóg








## TIMPEALLACHT MHAOINITHE: 2019 AGUS AR AGHAIDH

- Níl aon chinneadh ann fós ón Rialtas mar gheall ar chur i bhfeidhm mholtaí an tSain-Ghrúpa don Ard-Oideachas (Tuairisc Cassells);
- In éagmais an chinnidh seo, tá samhail mhaoinithe don ardoideachas in Éirinn dúshlánach i gcónaí.
- Is é seo an cur síos atá ag Cumann na nOllscoileanna Eorpach ar an ardoideachas in Éirinn: "*a system in danger*";
- Leanann COC de bheith ag díriú ar fhéin-inbhuanaitheach trí ioncam a chruthú – go háirithe ar bhonn idirnáisiúnta, d'fhonn spriocanna násiúnta a bhaint amach arna leagan amach ag an Aire agus ag Plean Straitéiseach COC.
- Is é €41.3m an deontas Stáit a fuarthas sa bhliain 2019, díreach 12% den bhuiséad iomlán;
- Tá COC ar an gcéad institiúid san earnáil a fuair Maoiniú Rochtana;
- Tá COC ag lorg maoinithe caipitil le haghaidh tionscadal bonneagair, mar a luaitear in Tionscadal Éireann 2040.



**CUSPÓIR A CÚIG**

Maoinigh agus Tóg









# Forbairtí Caipitiúla

Lean clár caipitiúil na hollscoile le linn 2017/18 agus rinneadh dul chun cinn nach beag ar thionscadail ghníomhacha éagsúla. Maoiníonn Banc Infheistíochta na hEorpa an clár caipitiúil a thacaíonn le clár de €240m.

## An Mol

Baineann an tionscadal seo le hathchóiriú a dhéanamh ar Áras Windle agus cuireadh leis chun Mol do mhic léinn a fhorbairt. Tógann sé le chéile seirbhísí do mhic léinn a bhí scartha amacha óna chéile, agus cuireann sé áis chomhtháite ar fáil mar thacaíocht do mhic léinn ar a dturas trí COC agus ina dhiaidh sin. Cuimseoidh sé spásanna nuálacha teagaisc nua, ionad réittithe na mac léinn agus spásanna do chumainn na mac léinn. Chuir foireann deartha faoi stiúr na n-ailtirí O'Donnell + Tuomey na hoibreacha deartha go luath sa bhliain 2015. Tá an fhoirgníocht ag dul ar aghaidh i gcónaí ar an suíomh agus táthar ag súil go gcuirfear críoch leis an tionscadal go luath sa bhliain 2020.

## Páirc Eolaíochta agus Nuálaíochta Chorcaí

Imríonn COC ról ceannródaíoch i bhforbairt Pháirc Eolaíochta agus Nuálaíochta Chorcaí (CSAIP) sa Churraichín. Tapaíonn CSAIP an deis don réigiún fostaíocht eolasbhunaithe a chothú trí chumarsáid taighde, gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainne, saoráidí atá ag fás agus déantúsaíocht iomlán ar ardchaighdeán. D'ullmhaigh Comhairle Contae Chorcaí Creat-Mháistirphlean don Pháirc ar ghlac Bord Comhairleach leis agus ar a bhfuil ionadaithe ó na príomhinstitiúidí. D'ullmhaigh COC Máistirphlean don Cheantar agus tá foireann ceaptha do Mhol na hÉireann um Nuálaíocht Sláinte. Cuireadh iarratas pleanála isteach ar 27 Samhain 2015 agus faomhadh é sin ar 4 Márta 2016. Díol suntais an méid fostaíochta a chruthófar agus an fhorbairt eacnamaíoch a thiocfaidh ar an réigiún atá faoi réir ag an gCreat Pleanála Náisiúnta a foilsíodh le déanaí. Cuireadh dearadh mionsonraithe an fhoirgnimh le chéile sa bhliain 2017 agus lorgaíodh tairiscintí ag deireadh na bliana 2018, Táthar ag súil go dtosófar an fhoirgníocht go luath sa bhliain 2019.

## Spórt COC

Tá sé beartaithe ag an ollscoil chomh maith Ionad Feabhais nua le haghaidh an Spóirt a fhorbairt ar ár gcuid tailte ar Bhóthar an Churraichín. Cuimseofar sa tionscadal páirceanna uile-aimsire agus páirceanna féir mar aon le pailliún nua-aimseartha ina mbeidh seomraí feistis, seomraí foirne agus áiseanna lónadóireachta. Tá Straitéis Spóirt nach mór críochnaithe agus beidh sí mar chreatlach do scóip na forbartha i suíomh an Churraichín. Cuireadh críoch le staidéar féidearthacha le haghaidh an tionscadail. Tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an bpróiseas pleanála sa bhliain 2019. Beidh COC in ann na saoráidí spóirt atá ann faoi láthair a fhágaint i dtreo is gur féidir Páirc Eolaíochta agus Nuálaíochta Chorcaí a fhorbairt ar bhonn céimnithe.

## Scoil Ghnó

Cheannaigh COC Uimh, 1 Cé Lappp, Plás Parnell sa chathair d'fhonn ionad nua um oideachas feidhmeannach a fhorbairt i gCorcaigh. D'oscail an tAire Simon Coveey an tIonad um Oideachas Feidhmeannach ar 26 Samhain 2108. Anuas air sin, tá pleananna uaillmhianacha ag COC do mhórscoil ghnó a fhorbairt a chuimseoidh na ranna acadúla atá ann cheana féin agus chun saoráid chomhtháite a sholáthar do staidéir agus do thaighde gnó ag leibhéal na fo- agus na hiarchéime. Cuireadh críoch le hanailís costais is tairbhe don tionscadal agus tá próiseas breithmheasa ar an suíomh ar siúl. Táthar ag súil go gceannófar suíomh oiriúnach agus go gcuirfear oibreacha oiriúnacha deartha chun cinn sa bhliain 2019.

## Iostas na Mac Léinn


Tá sé mar aidhm ag an ollscoil iostas le haghaidh mac léinn a thógáil gar don champas. Tá sé riachtanach go mbeidh dóthain lóistín ar fáil chun tacú le riachtanais na mac léinn fo- agus iarchéime chomh maith leis an líon mac léinn idirnáisiúnta atá ag fás i gcónaí. Leanaimid orainn ag lorg deiseanna forbartha agus ceannaithe. Fuair COC 418 leaba ag Muilte Victoria agus táthar ag féachaint ar dheiseanna eile chomh maith. Fuaireamar suíomh Nead an Phréacháin sa

**CUSPÓIR A CÚIG**

# Maoinigh agus Tóg







bhliain 2017 agus ceapadh foireann deartha (faoi stiúir McCullough/Mulvin) chun dearadh an tionscadail a chur ar bun. I mí na Samhna 2017, cuireadh iarratas pleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála faoi scáth an Achta um Fhorbairt Tithíochta Straitéise le haghaidh 255 leaba in aice le saoráid leighis nua do mhic léinn. Gnóthaíodh an faomhadh pleanála i mí an Mhárta 2018. Lorgaíodh tairiscintí agus táthar ag súil go dtosófar leis an tógáil go luath sa bhliain 2019 agus go mbeidh an tionscadal ullamh don bhliain acadúil 2020/21. Fáiltíonn COC roimh sholáthraithe lóistín idirnáisiúnta a bhfuil pleananna acu lóistín do mhic léinn a thógáil gar (de shiúl na gcos, ar rothar, ar an mbus) don ollscoil. Beidh lóistín ann do 2,000 mac léinn mar thoradh ar an bplean seo.

## Áras Kane

Tionscadal tábhachtach don ollscoil is ea mór-athchóiriú ar Áras Kane a tógadh sa bhliain 1970. Ceapadh foireann deartha chun máistirphlean cuimsitheach a fhorbairt mar aon le straitéis chéimnithe don tionscadal. Táthar ag súil go bhfaighfear maoiniú stáit agus daonchairdis le haghaidh an tionscadail seo.

## Institiúid Náisiúnta Tyndall

Tá tionscadail éagsúla ar siúl in Tyndall faoi láthair. Ceapadh foireann deartha chun Céim 3 den fhoirgneamh a athfhorbairt. Tá mórthionscadail eile ag Tyndall maidir le trealaimh phróisis agus plean acu chomh maith le haghaidh mórfhorbairt nua ar an suíomh ar an Meal Thuaidh.

## Ionad Oideachais Ailtireachta Chorcaí

D'aistrigh comhchlár céime de chuid COC/CIT i mí Meithimh 2018 go dtí saoráid den chéad scoth ar thaobh thiar de Phlás Nano de Nógla ar Shráid Dhúglais sa chathair. Beidh áiseanna níos fearr agus fadtéarmacha don chlár san áitreabh seo. Tá na háiseanna seo mar chuid den fhorbairt iomlán ar an suíomh stairiúil seo ar a bhfuil ionad oidhreachta mar aon le saoráidí pobalbhunaithe eile.

## Tionscadail Eile

Ceapadh foireann deartha don scoil fiaclóireachta nua sa Churraichín. Tá saoráid leighis chlinicúil bearthaithe do champas CUH i gcomhar le FSS. Líonfaimid an spás san Ionad Cúram Príomhúil i nGarrán na mBráthar. Tá pleananna ag COC le haghaidh mórthionscadail chaipitiúla eile mar shampla Mol Cruthaitheachta do Choláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta.

Mar chuid de phlean timpeallachta na hollscoile arna mhaoiniú go príobháideach, osclaíodh droichead nua do choisithe mar aon le ceantar tírdhreachaithe ag Inse an Phearóidigh i mí na Nollag 2018. Agus sinn ag comhoibriú le Comhairle Cathrach Chorcaí, fuair COC seilbh ar 5 Plás Grenville mar ar chónaigh George Boole agus é ina Ollamh le Matamaitic i gColáiste na Banríona Corcaigh. Ceapadh foireann deartha i mí na Nollag 2018 chun an t-athchóiriú a chur chun cinn.

Mar chuid de chlár EIB, cuireadh clár bliantúil le chéile chun tabhairt faoin moill ar athchóiriú a dhéanamh ar sheanfhoirgnimh in eastát na hollscoile. Cuireadh roinnt tionscadal athchóirithe/bonneagair ar siúl sa bhlian 2017/2018. D'éirigh linn chomh maith tacaíocht a fháil do chúpla tionscadal leasaithe fuinnimh tríd an scéim *Better Energy Workplaces* de chuid SEAI. Táthar dóchasach go mbainfidh COC a sprioc amach chun 33% den fhuinneamh a úsáidtear a laghdú faoi réir ag Laghdú Fuinnimh san Earnáil Phoiblí 2020. Táthar á mholadh go gcuirfear córas teasa dhírigh nua isteach faoi scáth an Chonartha Feidhmíochta Fuinnimh (EPC) agus déanfar tairiscintí a mheas go luath sa bhliain 2019.

Mar fhreagra ar phróiseas CFRAMS na Laoi tá oibreacha ar bun maidir le maolú tuilte in áiteanna atá i mbaol ar an gcampas i gcomhar lenár n-árachóirí.

Tá an tacaíocht maidir le plean forbartha fisiciúla na hollscoile a fhaightear ó Fhondúireacht Ollscoile Chorcaí ríthábhachtach dár gclár caipitiúil. Níl an méid céanna talún ag COC i gcomparáid le hollscoileanna eile in Éirinn. Cruthaíonn seo brú suntasach maidir le riachtanais forbartha na hollscoile amach anseo. Tá COC ag súil le mórmhaoiniú stáit chun tacú le samhail bhonneagair na hollscoile in Éire 2040 – Plean Forbartha Náisiúnta. Tá COC ag obair leis an ÚAO agus leis na húdaráis áitiúla i gcónaí chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an ollscoil réidh chun freastal ar a cuid riachtanas forbartha amach anseo.









# Ballraíocht an Choiste Rialaithe

**1 IÚIL 2017 – 30 MEITHEAMH 2018**

**Príomhoifigeach:** Patrick O'Shea, Uachtarán

**Cathaoirleach:** An Dr Catherine Day

**Oifigeach Sinsearach:** An tOllamh John O'Halloran, Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir

**Ollúna/Ollúna Comhlacha:**
An tOllamh Frédéric Adam
An tOllamh John Cryan
An tOllamh Mary Horgan
An tOllamh Paul McSweeney
An tOllamh Nora O'Brien

**Foireann Acadúil (seachas Ollúna/Ollúna Comhlacha):**
An Dr Louise Crowley
Michael Delargey
An Dr Angela Flynn
An Dr Piaras MacÉinrí
An Dr Marian McCarthy

**Foireann (seachas foireann acadúil):**
Sinead Hackett
Gary Hurley
J.P. Quinn

**Mic Léinn:**
Martin Scally, Uachtarán, Aontas na Mac Léinn
Seán Ó Riabhaigh, Leas-Uachtarán, Aontas na Mac Léinn

**Mac Léinn Iarchéime:**
Therese Collins, Oifigeach na nIarchéimithe, Aontas na Mac Léinn

**Ainmnithe ó Eagraíochtaí Seachtracha:**
Dermot Breen (Ibec)
Gillian Keating (Comhlachas Tráchtála Chorcaí)
Maureen Kennelly (Éigse Éireann)
Ted Owens (Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí)

**Ainminthe ón Aire Oideachais agus Eolaíochta:**
Alan Crosbie
An tOllamh Adrian Dixon
An Dr Beatrice Doran

**Céimithe:**
Owen Dinneen
An Dr Rosarii Griffin
An Dr Valerie Mannix

**Ard-Mhéara Chorcaí:**
An Comhairleoir Tony Fitzgerald

**Méara Cheantar Uirbeach Chathair Phort Láirge:**
An Comhairleoir Seán Reinhardt

**Ainmnithe ó Ollscoil na hÉireann:**
Nuala O'Connor
An Dr Dermot O'Mahoney

**Ainminthe ó Chomhairlí na gcontaetha riaracháin:**
Corcaigh – An Comhairleoir Bernard Moynihan
Cathair agus Contae Phort Láirge – An Comhairleoir Pat Nugent (Méara Chathair agus Chontae Phort Láirge)
Ciarraí – An Comhairleoir Aoife Thornton
Luimneach – An Comhairleoir Eddie Ryan
Comh-Chomhairlí Contae Thiobraid Árainn – An Comhairleoir Michael Fitzgerald